



Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2013**

Dáta	Lth
25 Eanáir	2
08 Márta	6
26 Aibreán	12
24 Bealtaine	20
27/28 Meitheamh	32
26 Iúil	43
27 Meán Fómhair	55
01 Samhain (agus Aguisín 1)	67
13 Nollaig	71

Miontuairiscí ón 111ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 25 Eanáir 2013 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: Liam Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, Á. Ní Chiaráin, D. Ó hAiniféin, M. Mac Ruairí, B. Ní Chonghóile, T. Sharkey, S. Mac Donncha, S. M. Ó Domhnaill, T. Mac Eochagáin, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín

Leithscéalta: P. Callaghan, C. Ní Shúilleabháin agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin.

01.111 CUR I LÁTHAIR AR ÚSÁID AN IPAD

Tháinig an tArdoifigeach Feidhmiúcháin: Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar úsáid an iPad.

02.111 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl gur aontaíodh ar an cheistneoir maidir le feidhmiú an bheirt Phríomhfheidhmeannach: i nGníomhaireacht na hUltaise agus i bhForas na Gaeilge, agus go dtabharfadh an Cathaoirleach tuairisc don Bhord ina leith i mbliana.

03.111 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

An Coiste Forbartha

D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, T. Sharkey, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Bhí plé faoi thosaíochtaí do na heagrais bhunmhaoinithe a bhí ag teacht leis an mholadh a cuireadh faoi bhráid an CATT i mí na Nollag 2012.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, T. Sharkey, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín ag an phointe seo.

Cuireadh in iúl gur pléadh na polasaithe a leanas ag an Choiste: polasaí smachta agus cumais, alcól agus drugaí, caitheamh tobac, úsáid inghlactha gutháin phóca, cód iompair don fhoireann agus gur glacadh leo i bprionsabal. Cuireadh in iúl go raibh na polasaithe le cur faoi bhráid an Choiste Comhpháirtíochta agus go dtiocfadh siad faoi bhráid an Bhoird arís. Cuireadh in iúl go raibh Dréachtpholasaí Comhionannais nua don Fhoras Teanga réidh agus go mbeadh sé le cur amach ar chomhairliúchán poiblí. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste Forbartha as an obair go dáta.

Scaipeadh cóip de dhréachtpholasaí Theicneolaíocht na Faisnéise agus ghlac an Bord leis.

An Coiste Osradhairc

Cuir an Cathaoirleach in iúl go raibh plé aige leis na Ranna faoi fheidhmíocht na heagraíochta agus thug an Bord cead dó litir a ullmhú ag cur in iúl go raibh an Bord sásta le feidhmiú na gcóras agus le feidhmiú an Choiste Osradhairc.

An Coiste Iniúchta

Scaipeadh an polasaí frithchalaoise, an polasaí sceithreachta agus an polasaí tabhartais agus fáilteachais a bhí faofa ag an Choiste ar an Bhord. Cuireadh in iúl go raibh ball Boird le hainmniú mar thríú pháirtí don pholasaí sceithreachta agus don pholasaí frithchalaoise agus moladh go n-ainmneofaí Cathaoirleach an Choiste Iniúchta. Ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin agus leis na polasaithe.

Pléadh an clár rioscaí agus cuireadh in iúl go raibh líon na rioscaí laghdaithe ann. Cuireadh in iúl go mbeadh conradh an Iniúcháin Inmheánaigh istigh i mbliana agus go mbeadh an conradh le fógairt arís. Thug an Bord cead don Choiste an conradh a fhógairt ach na téarmaí tagartha a scaipeadh ar an Bhord roimh ré.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste Iniúchta as an obair go dáta.

An Coiste Nuachtán agus Irisí

D'fhág E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste le hionadaithe ó Thorann na dTonn ag ar pléadh an staid reatha maidir le conradh *Gaelscéal*. Mhol an Coiste go gcuirfí deireadh leis an chonradh sin ar chúiseanna a bhain le luach ar airgead – nach raibh na spriocanna díolacháin a bhí molta ag Torann na dTonn féin sa chonradh bainte amach acu ainneoin iarrachtaí leanúnacha, agus gur léir i ndiaidh bheith ag plé leis an cheist le breis agus bliain nach mbeadh méadú i ndán don díolachán. Aontaíodh go dtabharfaí fógra dhá mhí don chomhlacht Torann na dTonn. Aontaíodh go n-ullmhófaí preasráiteas ina leith agus go dtabharfaí aitheantas cuí d'eagarthóir agus d'fhoireann *Gaelscéal*. Ghlac an Bord leis an mholadh deireadh a chur leis an chonradh agus fógra dhá mhí a thabhairt. Aontaíodh gan aon eolas faoin chinneadh a scaipeadh go dtí go gcuirfí in iúl do Thorann na dTonn é.

Cuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go mbeadh suirbhé le déanamh gan mhoill ar mhianta agus ar riachtanais phobal na Gaeilge i leith na meán nuachta.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste Nuachtán agus Irisí as an obair go dáta.

D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.

Coiste an Fhoclóra

Pléadh seoladh an fhoclóra a bhí ann an oíche roimhe. Ghabh an Bord buíochas le foireann an fhoclóra agus le Coiste an Fhoclóra as an obair iontach a rinneadh ar an tionscadal tábhachtach go dáta. Aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach litir bhuíochais chuig foireann an fhoclóra ar son an Bhoird. I bhfianaise an taithí a fuarthas ó sheoladh an leagain leictreonaigh beidh an Coiste agus an foireann ag athbhreithniú na spriocanna uilig a bhaineann leis an tionscadal agus ag tuairisciú ar ais chuig an Bhord.

Ghlac an Bord leis an straitéis foclóireachta.

04.111 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2012

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe. Cuireadh in iúl go mbeadh plean gnó leasaithe agus buiséad tascach don bhliain réidh le cur faoi bhráid an Bhoird i mí an Mhárta. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais go dtí 31 Nollaig 2012 agus ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Chlár bhainisteoir as an obair mhór a bhí déanta aici le bliain.

05.111 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

06.111 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

- Gur thosaigh A. Mac Aodha mar Eagarthóir cúnta, gur thosaigh C. Uí Mhéalóid mar AOF i gClár na Leabhar Gaeilge (saoire mháithreachais) agus go raibh na poist: Oifigeach Cléireachais (saoire mháithreachais) agus Oifigeach Seirbhísí san Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha le fógairt.
- Gur fhiosraigh an tIníochóir Inmheánach maidir le Cáin Bhreisluacha (CBL) ar chonarthaí an fhoclóra – d'iarr an An tArd-Reachtair Cuntas agus Cistí (ARC&C) cinntiú ó na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil CBL le híoc ar na conarthaí sin. Tháinig scéal go bhfuil an cleachtas ag teacht leis na rialacha.
- Gur ceadaíodh síneadh 6 mhí ar chonradh MediaOne maidir le máistir gréasáin.
- Go raibh curtha in iúl ag na Ranna go mbeadh an suíomh tairsí Idirlín don Ghaeilge, atá luaite sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, anois le déanamh ag Foras na Gaeilge. Bhí coiste ann idir an REOG, Údarás na Gaeltachta agus Foras ag plé na ceiste.

Moladh: An Coiste sin a athbhunú leis an cheist a bhogadh chun tosaigh agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le forbairt an tsuímh. Ghlac an Bord leis an mholadh.

- Go raibh litir faighte ó Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC) maidir leis an Fhoras Teanga a bheith cláraithe le haghaidh Cánach Corparáidí sa tuaisceart agus go raibh an cheist ardaithe leis na Ranna Urraíochta.
- Go raibh polasaí ar leith ar dhíscríobh fiach agus láimhseáil creidiúnaithe á ullmhú faoi láthair le freastal ar chúinsí Áis.
- Go raibh gá le scrúdú le haghaidh Séala an aistriúcháin a reáchtáil.

Aontaíodh go leanfaí ar aghaidh agus scrúdú a reáchtáil. Reáchtálfar scrúdú dóibh siúd nach bhfuil an Séala acu cheana féin san earrach agus scrúdú eile dóibh siúd atá ag iarraidh an Séala a athnuachan san fhómhar. Tabharfar aitheantas don Chaighdeán Athbhreithnithe agus do Chaighdeán 1958 araon, os rud é gur ar Chaighdeán 1958 is mó a bhfuil cur amach agus cleachtadh ag aistritheoirí agus ag eagarthóirí ó thuaidh agus ó dheas.

- Go raibh an cónascadh idir Gaelscoileanna Teo. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta (ESG) á phlé leis an Roinn. Cuireadh in iúl gur tugadh le fios go mbeadh maoiniú ESG le haistriú chuig Foras na Gaeilge.
- Go raibh an Coiste Téarmaíochta ag iarraidh Eibhlín Nic Gearailt a cheapadh ar an Choiste mar bhall ex officio thar ceann CCEA. Ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 5 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.
--

07.111 TUAIRISC AR AN RÚN BOIRD

Pléadh an cháipéis maidir le Líofo 2015 agus aontaíodh gur ghá na himpleachtaí a bhaineann leis a athbhreithniú agus fochoiste Boird a bhunú ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh ar an tuiscint go bhfreastalófaí ar na riachtanais seo laistigh den bhuiséad reatha.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh na coistí le hathbhreithniú ag cruinniú mhí an Mhárta agus go dtiocfadh an coiste a bhunú ansin. D'iarr sé ar chomhaltaí scéal a chur chuige roimh 01 Feabhra maidir le ballraíocht ar choistí Boird agus aontaíodh go ndéanfaí sin.

08.111 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon phlé faoin mhír seo.

09.111 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

Liam Ó Maolmhichíl

Cathaoirleach

8 Márta 2013

Miontuairiscí ón 112ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 8 Márta 2013 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, Á. Ní Chiaráin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, L. Kennedy, S. M. Ó Domhnaill, agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: D. Ó hAiniféin, T. Sharkey, B. Ní Chonghóile, P. Callaghan, C. Cavanagh, C. Ní Shúilleabháin agus T. Mac Eochagáin.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin.

01.112 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ritheadh rún comhbhróin le S. M. Ó Domhnaill ar bhás a athar.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl gur scaipeadh na téarmaí tagartha don Iniúchóir Inmheánach ar an Bhord agus go raibh an fógra ar eTenders. Aontaíodh go gcuirfí painéal le chéile chun measúnú a dhéanamh ar gach tairiscint agus agallamh a eagrú dá réir.

02.112 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
Colourpoint Creative Ltd	£5,220	£5,220

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná **£5,220** (£2,610 i 2013 agus £2,610 i 2014) a chur ar fáil do Colourpoint Creative Limited le tacu le cruthú sraith de théacsleabhair Ghaeilge do na chéad 3 bliana iar-bhunscolaíochta.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Coiste na nDeontas.

Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh fadhb leis an phacáiste cuntasáíochta sa Rannóg Airgeadais a chuir obair ar chuntais 2012, agus dá réir sin, ar chuntais 2010 siar coicís agus gur dócha go gcaillfí an sprioc a bhí leagtha síos ag an CATT dá réir ach go raibh na Ranna ar an eolas faoi. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú CATT ann ar 6 Márta ag ar tugadh síneadh sé mhí de mhaoiniú do na heagrais bhunmhaoinithe go dtí 31 Nollaig 2013 agus ag ar faomhadh Plean Gnó agus Buiséad 2012. Léirigh an Bord inné nár faomhadh Plean Gnó 2012 go dtí Márta 2013. Cuireadh in iúl gur scríobh an Príomhfheidhmeannach chuig na hAirí ag tabhairt cuireadh dóibh freastal ar chruinniú Boird agus iarradh air scríobh chucu arís. Chuir an Cathaoirleach in iúl gur thug sé dearbhú do na Ranna go raibh na córais rialachais chorparáidigh ag feidhmiú mar ba cheart san eagraíocht agus go gcaithfeadh sé tuairisc a chur ar fáil anois ar fheidhmiú an Phríomhfheidhmeannaigh, mar chuid den ghnáthchóras dearbhaithe feidhmíochta.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an tseachtain sin ag ar pléadh comhfhreagras ó Thorann na dTonn. Ghlac an Bord leis an mholadh gan íocaíochtaí breise a cheadú don chomhlacht.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl go raibh suirbhé á ullmhú ag an Choiste maidir le mianta an phobail ó thaobh seirbhísí nuachta de agus go scaipfí sin go forleathan go luath. Cuireadh in iúl go mbeadh fócasghrúpaí i ngach Cúige. Aontaíodh go n-ullmhófaí preasráiteas i leith na ceiste seo.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste Nuachtán agus Irisí agus leis an fheidhmeannas.

Coiste an Fhoclóra

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le tionscadal an fhoclóra agus na spriocanna nua. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Coiste an Fhoclóra.

Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Thionscadail Litríochta (**Aguisín 1**). Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna 2012. Scaipeadh cóip uasdátaithe de Scéim na bhFoilsitheoirí mar eolas agus ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar dheontais (**Aguisín 2**).

03.112 COISTÍ AN FHORAIS

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh síneadh bliana le cur le déanamhas na gcoistí éagsúla ach go ndéanfaí an déanamhas sin a athrú i gceann bliana. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht ar choistí Fhoras na Gaeilge. Aontaíodh gurbh fhiú cruinniú a reáchtáil le Cathaoirligh na gcoistí uile i mbliana le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na gcoistí.

04.112 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 Eanáir 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 Nollaig 2013

Cuireadh in iúl gur dócha gur ciorrú 5% a bheadh ar an bhuiséad i mbliana de réir na Ranna Urraíochta ach nach dtiocfadh sin a chur i bhfeidhm ar bhuiséid éagsúla uile na heagraíochta. Cuireadh in iúl go mbeadh an ciorrú céanna sin le cur ar an ollbhuiséad do na heagraíochtaí bunmhaoinithe, ach go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh ciorrú níos mó ná sin ar chuid acu de bharr go mbeadh acmhainní le díriú ar thosaíochtaí an dá Rialtais. Cuireadh in iúl don Bhord go bhfuil ciorrú de bheagnach 20% (€5m) déanta ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ó 2010, agus go bhfuil seo ag dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar thionscadail agus ar scéimeanna. Ghlac an Bord leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2013, leis an tuairisc ar cheangaltais agus leis an tuairisc ar dhíscríobh do 2012.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an fheidhmeannas as an obair.

05.112 PLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2013

Ghlac an Bord leis an Phlean Gnó agus na meastacháin do 2013. Ardaíodh ceist faoin Phlean Corparáideach agus cuireadh in iúl go mbeadh ceann úr le hullmhú. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an fheidhmeannas as an obair.

06.112 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais ar iarratais ar dheontais.

07.112 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

- Go ndearnadh tairiscint don phost mar Oifigeach Cléireachais (saoire mháithreachais) san SSC.
- Gur thug sé féin agus É. Ó hArgáin fianaise ag cruinniú den Choiste: Cultúr, Ealaíon agus Fóillíochta (Tionól Thuaisceart na hÉireann) maidir le Gaelscéal agus An Polasaí Cumhdach Leanaí.
- Go raibh deimhniú faighte nach bhfuil Foras na Gaeilge le hainmniú mar Non Departmental Public Body ná le clárú le haghaidh Cáin Corparádaí.
- Go mbeadh comhdháil ar na mionteangacha agus na healaíona (*Voces in Artes*) á heagrú ag Foras na Gaeilge ar 10 – 12 Bealtaine mar chuid d’Uachtaránacht na hEorpa.
- Go raibh athbhreithniú ar siúl maidir le freastal ar ócáidí le seastáin eolais.
- Go raibh an Irish Daily Mail chun 400,000 cóip de 6 leabhrán bunaithe ar an tsraith “Gaschaint” a scaipeadh le linn Sheachtain na Féile Pádraig i gcomhar le Foras na Gaeilge.

08.112 COMHFHREAGRAS

Nótáil an Bord an comhfhreagras maidir le Gaelscéal agus aontaíodh go gcuirfí litir bhuíochais ar ais chuig an duine mar aon le cóip den phreas ráiteas maidir leis an bhealach chun tosaigh.

09.112 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
26 Aibreán 2013

Iarratais ar Thionscadail Litríochta

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais ar Thionscadail Litríochta ag cruinniú den choiste ar an Déardaoin, 14 Feabhra 2013. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

Oireachtas na Gaeilge CLG12032

<i>Gníomh</i>	<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
	€	€
Comórtais Liteartha an Oireachtais	22,000	17,000
Leabhar na Bliana 2012	25,000	21,000
Poiblíocht Leabhar na Bliana	12,000	0*
Iomlán	59,000	38,000
Ní chuirfear maoiniú ar fáil do dhuaisianna aitheantais – is gá go mbeadh an caighdeán sroichte ag na buaiteoirí. * Moladh níos mó plé a dhéanamh i leith féidearthachtaí margaíochta sula ndéanfaí cinneadh i leith an ghné poiblíochta den phlean.		

Moltar suim nach mó ná **€38,000** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2013 ach plean comhaontaithe a chur ar fáil.

Gaelchultúr CLG13002

<i>Gníomh</i>	<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
<i>Clubleabhar.com</i>	€	€
Is í aidhm clubleabhar.com ná daoine atá in Éirinn agus i dtíortha eile ar fud an domhain a spreagadh chun a bheith ag léamh leabhar Gaeilge.		
Costais an Chlub (costais teicniúla, margaíochta, riarachán, gluaiseanna, físeáin)	18,300	11,750
Iomlán	18,300	11,750

Moltar suim nach mó ná **€11,750** a chur ar fáil do Gaelchultúr i leith Clubleabhar.com don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2013.

Scéim na Foilsitheoireachta

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais faoi Scéim na Foilsitheoireachta ag cruinniú den choiste ar an Déardaoin, 14 Feabhra 2013. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

Grúpa A	Méid Iarrtha	Méid Molta 2013
Foilsitheoir	€	€
Cló Iar-Chonnacht	212,084	163,000
Cois Life	109,812	95,620
Cló Mhaigh Eo	64,274	43,774
Futa Fata	132,571	71,276
Leabhar Breac	105,980	57,500
Iomlán	624,721	431,170

Moltar deontais nach mó ná €431,170 a cheadú do Ghrúpa A don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2013 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí.

Grúpa B	Méid Iarrtha	Méid Molta 2013
Foilsitheoir	€	€
An Sagart	87,829	37,800
An tSnáthaid Mhór	128,575	24,500
Arlen House	58,700	22,500
Coiscéim	228,285	108,500
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	48,649.76	23,500
LeabhairCOMHAR	64,100	21,750
Gathanna Gréine	18,680	5,000

Duillí Éireann	13,221	5,000
Púca Press	8,120	6,300
The O'Brien Press	25,109	10,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	5,800	4,500
	€687,068.76	€269,350

Moltar deontais nach mó ná €269,350 a cheadú do Ghrúpa B don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2013 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2,
Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 113ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Aibreán 2013 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chonghóile, Á. Ní Chiaráin, S. Mac Donncha, D. Ó hAiniféin, M. Mac Ruairí, L. Kennedy, S. M. Ó Domhnaill, T. Mac Eochagáin, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: T. Sharkey, T. Ruane, P. Callaghan agus C. Ní Shúilleabháin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach) agus M. Ó Ríordáin.

01.113 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.113 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na critéir do Scéim na nOifigeach Gaeilge: Tuaisceart Éireann (**Aguisín 1**) agus cuireadh in iúl go bhfógrófaí an Scéim i gceann seachtaine. Rinneadh roinnt moltaí le haghaidh leasuithe don chéad uair eile a bheadh an scéim seo le fógairt.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú ann toisc nach raibh an Príomhfheidhmeannach ar fáil.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Cuireadh in iúl go raibh roinnt mhaith freagraí faighte ar an suirbhé a rinneadh maidir le mianta an phobail ó thaobh seirbhísí nuachtáin de agus go mbeadh na fócasghrúpaí le reáchtáil i ngach Cúige anois. Cuireadh in iúl go mbeadh comhlacht margaíochta ag cuidiú ina leith, agus go mbeadh fáilte roimh chomhaltaí Boird.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl gur cuireadh riosca nua leis an chlár rioscaí maidir le próisis acmhainní daonna. Aontaíodh go raibh gá le Clár bhainisteoir Acmhainní Daonna i bhForas na Gaeilge. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Cuireadh in iúl go mbeadh na hagallaimh do cheapadh an Iniúcháir Inmheánaigh ann 29 Aibreán 2013. Ghlac an Bord leis an treoir maidir le costais. Ghlac an Bord leis an cháipéis maidir le cuntas taisce Fhoras na Gaeilge a dhúnadh.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh an feidhmeannas ag plé cheist an chuíchóirithe leis na Ranna ar bhonn leanúnach; go raibh leasuithe déanta ar an chás gnó de réir threoir an CATT ó chruinniú Mhárta 2013.

Cuireadh in iúl go raibh imní léirithe leis na Ranna faoi chur chuige na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Ghaelscolaíocht agus na suirbhéanna chun patrún agus teanga oibre na scoileanna a roghnú. Aontaíodh gur chóir cruinniú a lorg

le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna leis na himpleachtaí móra a bheadh ann don Ghaelscolaíocht a mhíniú. Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl gur ardaigh sé an cheist leis an ghrúpa ardleibhéil (Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta). Léirigh an Bord míshásamh faoi pholasaí/thosaíochtaí an Aire Oideachais i leith critéar iontrála i ngaelscoileanna agus moladh go gcuirfí an míshásamh sin in iúl, i gcomhar leis an ghrúpa ardleibhéil, i bhfoirm litreach. Moladh go mbeadh seimineár ann faoi cheist an oideachais agus oideachas na Gaeilge i gcoitinne ach aontaíodh go bhfágfaí faoin fheidhmeannas teacht ar ais le moladh.

Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge

Cuireadh in iúl go mbeadh na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim na nOidí agus Scéim na gCoimisiún faoi bhráid an Bhoird go luath.

Comhchoiste Cholmcille

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar dheontais Cholmcille (**Aguisín 2**). Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad chruinniú eile ann i mí an Mheithimh.

Coiste an Fhoclóra

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le híocaíochtaí le IDM a mhéadú ó €20,000 go €30,000. Nótáil an Bord an comhfhreagras ón Roinn maidir leis an Chaighdeán Oifigiúil.

Coiste Úsáid na Gaeilge

Ghlac an Bord leis an mholadh ainm an Choiste a athrú ó Choiste Úsáid na Gaeilge go Coiste na Gaeilge. Cuireadh in iúl go bhfuil curtha in iúl ag an Roinn Cultúir Ealaíon agus Fóillíochta go mbeidh siad ag cur £60,000 de bhuiséad imfhálaithe ar fáil d'Fhoras na Gaeilge chun suíomh gréasáin a fhorbairt thar a gceann le haghaidh Líofa. Cuireadh in iúl go bhfuil cruinniú le socrú idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta faoi Líofa ó dheas.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirligh agus le baill na gCoistí uile.

03.113 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 MÁRTA 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Pléadh an nóta eolais maidir le deontas www.beo.ie agus d'aontaigh an Bord an deontas a chur leis na ceangaltais.

Cuireadh in iúl gur cuireadh cuntais 2012 faoi bhráid na Ranna roimh an sprioc ag deireadh Mhárta agus ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Chlár bhainisteoir agus le foireann na Rannóige Airgeadais as an obair ar fad. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go dtí 31 Márta 2013 agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2013.

04.113 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.113 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú le hOifig an Ard Reachtaire (ARC&C), Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann (OITÉ) agus Bord na hUltaise ar 15 Aibreán. Go raibh an ARC&C agus OITÉ ag súil go mbeadh Ráitis Airgeadais 2010 réidh le síniú an tseachtain dar tús 29 Aibreán. Go raibh siad ag súil chomh maith go mbeadh Ráitis Airgeadais 2011 réidh le síniú Meán Fómhair / Deireadh Fómhair.
- Go raibh cruinniú eile socraithe do 25 Meitheamh le dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile maidir le Ráitis Airgeadais 2011 a phlé.
- Go raibh an ARC&C ag súil iniúchadh suímh ar dhréacht-ráitis airgeadais Fhoras na Gaeilge 2012 a dhéanamh i Meán Fómhair. Go raibh i gceist ag OITÉ déanamh amhlaidh ag Bord na hUltaise ag an am céanna.
- Gur cuireadh le líon na n-aonad céille ar shuíomh an fhoclóra agus go raibh 31,000 aonad céille anois ar fáil ar an suíomh.
- Go raibh cinneadh déanta ag Coiste na bPríomhfheidhmeannach rogha a thabhairt do phinsinéirí íocaíocht a fháil i Euro nó Sterling ag brath ar an dlínse. Cuireadh in iúl go raibh an Leas-Phríomhfheidhmeannach á ainmniú le freastal ar chruinnithe an choiste seo mar ionadaí sa chás nach mbeadh an Príomhfheidhmeannach ar fáil.
- Go raibh an leabhar *Na Laochra is Lú* le Laoise Ní Chléirigh, a d'fhoilsigh Foras na Gaeilge, ainmnithe ar ghearrliosta Ghradam Leabhar na Bliana de chuid Leabhair Pháistí Éireann agus go raibh 2 leabhar Gaeilge eile ar an liosta fosta.
- Ag eascairt as chomh maith is a d'éirigh leis an tsraith bunaithe ar *Gaschaint* a scaipeadh leis an *Irish Daily Mail* ba mhaith leis an nuachtán ceann eile a dhéanamh i mí Mheán an Fhómhair.
- Go raibh athluacháil déanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar na rátaí ag an Chrannóg i nGaoth Dobhair agus go raibh plé ar siúl leis an Chomharchumann faoi luach na rátaí ar oifig Fhoras na Gaeilge sa Chrannóg.
- Go raibh ionadaíocht ex officio ag Fiontar ar an Choiste Téarmaíochta agus gur mian leo an Dr. Gearóid Ó Cleircín a ainmniú mar ionadaí ex officio ar an Choiste Téarmaíochta.
- Go raibh cruinniú leis na Ranna ar 22 Aibreán ag ar pléadh:
 - a) Plean Gnó agus meastacháin 2013 agus gurb é 5% an ciorrú a bheadh ann ó dheas agus 3% molta ó thuaidh.
 - b) Ráitis Airgeadais agus Tuarascálacha 2010, 2011 agus 2012
 - c) Cás gnó don phost maidir le Caidreamh Poiblí agus Teicneolaíocht na Faisnéise agus go raibh tuilleadh plé le déanamh leo maidir leis an líon foirne ceadaithe ag an CATT i bhfianaise an cháis ghnó a cuireadh isteach le poist a líonadh.
 - d) An Caighdeán Oifigiúil
 - e) Suíomh tairsí don Ghaeilge
 - f) Cruinniú CATT ar 12 Meitheamh 2013

Cuireadh in iúl go mbeadh an chomhdháil 'Voces In Artes' ar siúl ón 10 go 12 Bealtaine agus gur tugadh cuireadh don Bhord freastal ar na himeachtaí. Cuireadh in iúl go raibh Rúnaí Buan RCEF i ndiaidh éirí as agus go raibh Peter May ceaptha go sealadach ina hionad. Ardaíodh ceist faoin phost mar Chlár bhainisteoir Margaíochta agus Poiblíochta agus cuireadh in iúl go raibh an cás gnó faoi bhráid na Ranna.

06.113 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

07.113 AON GHNÓ EILE

Pléadh an tuairisc ar Naíscoil Shliabh Fuait agus ghlac an Bord leis an mholadh an deontas de £77,500 a chealú agus a athphróifiliú da réir sin a dhéanamh i mbuiséad na Rannóige Oideachais.

Rinne T. Mac Eochagáin cur i láthair don Bhord ar áis foghlamtha matamaitice trí mheán na Gaeilge agus áis foghlamtha Ghaeilge atá déanta aige féin.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
24 Bealtaine 2013

Aguisín 1

Tuairisc ó Choiste na nDeontas chuig Bord Fhoras na Gaeilge

SCÉIM NA nOIFIGEACH GAEILGE: TUAISCEART ÉIREANN

CÚLRA

D'fhógair Foras na Gaeilge Scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge i 2006 do Chomhairlí i dTuaisceart Éireann chun an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil phoiblí. Déanann Foras na Gaeilge cómhaoiniú ar thuarastal na nOifigeach Gaeilge go ceann trí bliana i gcomhar leis na Comhairlí Áitiúla, ó thuaidh.

Seo a leanas na Comhairlí ar éirigh leo cómhaoiniú a bhaint amach go dáta:

Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta & Comhairle Bhuirg Léim a' Mhadaidh
Comhairle Dhún Geanainn & Thír Eoghain Theas
Comhairle Cathrach Dhoire i 2007 – 2010 agus ó Iúil 2010 – Meith. 2013.

STAIR NA SCÉIME

Mar chuid den chlár le haghaidh Rialtais Chomhpháirtíochta 1993 – 1997, leagadh síos polasaí leis an dátheangachas a leathnú i sochaí na hÉireann.

Ag éirí as seo, d'fhoilsigh Bord na Gaeilge Treoiríníte don Earnáil Phoiblí do Chláir Gníomhaíochta an Dátheangachais san Earnáil Phoiblí (1996).

B'é ceann de na céimeanna tosaigh d'fheidhmiú na dtreoiríníte ná 'go gceapfar oifigeach sinsearach i ngach eagrais stáit a bheidh freagrach as feidhmiú pholasaí an stáit do leathnú an dátheangachais'.

Cuireadh tús le scéim i 1995 agus ceapadh Oifigeach Forbartha Gaeilge i gComhairle Contae Chorcaí agus i gComhairle Contae Chiarraí i 1996 ar bhonn scéim phiolótach.

Bhí an Bord ag iarraidh leanacht ar aghaidh leis an scéim agus i 1998 bunaíodh Scéim na nOifigeach Gaeilge ó dheas. Sé an socrú a deineadh leis na húdaráis ná go ndéanadh Bord na Gaeilge cómhaoiniú ar thuarastal na nOifigeach go ceann tréimhse trí bliana agus rinneadh teagmháil le gach údarás áitiúil ó dheas páirt a ghlacadh sa scéim. Bhí ar gach údarás a léirigh spéis sa scéim clár gníomhaíochta don Ghaeilge a ullmhú don cheantar cuí i gcomhar le Bord na Gaeilge agus leis an ngrúpa stiúrtha san údarás agus an clár a chur i bhfeidhm. D'éirigh go maith leis an scéim agus tháinig fás agus forbairt air.

Síníodh **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003** ina dhlí. Is é an tAcht seo an chéad phíosa reachtaíochta ina leagadh síos próiséas pleanála reachtúil chun a chinntiú go gcuirfí seirbhísí ar fáil i nGaeilge. Bhí ar gach eagrais an Ghaeilge a chur cinn laistigh dá gcuid acmhainní féin. Dá bharr sin bhí an Foras in ann éirí as tacú leis an scéim ó Dheas de réir mar a tháinig conarthaí chun críche.

SCÉIM NA nOIFIGEACH GAEILGE : TUAISCEART ÉIREANN

CRITÉIR MHOLTA

Beidh Scéim na nOifigeach Gaeilge sna hÚdarás Áitiúla i dTuaisceart Éireann istigh ar 30 Meitheamh 2013 agus tá critéir na scéime thíos.

Beidh Foras na Gaeilge ag cur fáilte roimh iarratais do Scéim d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil phoiblí i dTuaisceart Éireann.

Beidh Foras na Gaeilge sásta cómhaoiniú a dhéanamh ar thuarastail na nOifigeach go ceann tréimhse trí bliana, i gcomhar leis an Chomhairle Áitiúil.

Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013 – 2016: Critéir na Scéime

- (i) Dearcadh na Comhairle i leith na Gaeilge agus an tacaíocht a chuirfear ar fáil.
- (ii) Buntáistí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhéas ag an Scéim.
- (iii) Tionchar na Scéime ar bhonneagar Phobal na Gaeilge.
- (iv) Tionchar an Oifighigh ar Phobal labhartha na Gaeilge.
- (v) Na táscairí feidhmíochta a úsáidfear.

Moladh

Moltar glacadh leis na critéir agus an scéim a fhógairt go poiblí.

Síniú Chathaoirleach an Choiste:
Dáta: 15 Aibreán 2013

Aguisín 2

Comhchoiste Cholmcille
2013

Cruinniú an Fhorais: 26 Aibreán

Mír: 2(7)

**Bhí cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ar 11 Márta 2013.
Pléadh na h-iarraitais a leanas agus mhol an Comhchoiste na
cinnití thíos:**

Éire – Thuaidh

Cód	Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
CC12003	Glór Uachtar Tíre	£1,485	£1,485
CC13001	An Gaeláras	£7,280	£6,000
CC13002	Club Óige Luraigh	£3,400	£3,000
CC13003	Armagh Pipers Club	£3,575	£3,000
CC13004	Forbairt Feirste	£1,000	£750
CC13006	Gael Linn	£10,000	£10,000
CC13007	Glór na Móna	£4,650	£4,000
	Iomlán	£40,390	£28,235

Éire – Theas

Cód	Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
CC13008	Cór Chúil Aodha	€8,895	€6,750
CC13009	Feis na nGael	€10,000	€9,000
CC13012	Léann na Gaeilge, UCD	€2,500	€495
CC13013	Scoil Cheoil an Earraigh	€3,000	€2,000
CC13014	Scoil Samhraidh Willie Clancy	€4,000	€4,000
CC13015	Cló Cheardlann na gCnoc	€1,250	€800
CC13016	CCÉ Ardan Rátha	€5,000	€1,800
	Iomlán	€41,959.81	€24,845

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Éire – Theas (Molta ag Comhchoiste Cholmcille ar 19 Aibreán 2013)

Cód	Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
CC12012	Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair	€7,650	€6,500
CC12016	Féile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal Átha na mBuillí	€4,500	€4,500
	Iomlán	€12,150	€11,000

Albain

Cód	Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
CC1314/001	The Islands Book Trust	£5,000	£5,000
CC1314/002	An Guth	£5,000	£3,600 (l bprionsabal)
CC1314/003	Pan Celtic Alba	£6,000	£6,000
CC1314/004	Fèis Spè	£2,575	£2,575 (l bprionsabal)
CC1314/005	Fèisean nan Gàidheal	£8,429	£8,400
CC1314/006	Feis Latharna	£3,868	£3,800
CC1314/007	Pocket Circus	£10,000	£5,000
CC1314/009	Conradh na Gaeilge Glaschú	£9,870	£7,500
CC1314/010	Camanachd Association	£5,000	£5,000
CC1314/011	Taigh Dhonnchaidh	£10,000	£9,900
CC1314/012	Ceòl na Cloinne	£8,000	£6,000
CC1314/014	Co-Chomunn na Pàirc	£10,000	£7,200
	Iomlán	£93,542	£69,975

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 114ú cruinniú Boird ag Foras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 24 Bealtaine 2013 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Ráth Chairn, Co na Mí.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, S. Mac Donncha, D. Ó hAiniféin, M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: T. Sharkey, Á. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, P. Callaghan, L. Kennedy agus C. Cavanagh.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin.

01.114 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

02.114 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na critéir do Scéim Phobail Ghaeilge 2014-2016 (**Aguisín 1**).

D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir.

Bhí plé ar Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2013 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 2**).

D'fhill an Cathaoirleach ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.

Bhí plé ar Scéim na gCampaí Samhraidh 2013 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 3**).

Aontaíodh go gcaithfí iarracht a dhéanamh an leathadh tíreolaíoch a dhéanamh níos cothroime tríd an tír ar fad. Aontaíodh gurbh fhiú a shonrú san fhoirm iarratais go gcuirfí fáilte ar leith roimh iarratais ó cheantair nár chuir isteach ar an scéim roimhe agus go n-iarrfaí ar eagrais bhunmhaoinithe tacaíocht ar leith a chur ar fáil chuige seo. Aontaíodh gurbh fhiú ceist a chur ar an fhoirm iarratais maidir le cén áit ar chualathas faoin scéim.

Ghlac an Bord leis an leasú próifíle don tionscadal Sealbhú na Gaeilge ag Naíonan (**Aguisín 4**). Aontaíodh go bhfágfaí faoin fheidhmeannas an t-airgead seo (€6,914.25) a athdháileadh.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir leis 'An Ghaeilge sa Phobal 2013' (**Aguisín 5**).

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann an oíche roimhe.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl go raibh an Coiste sásta go raibh socruithe teagmhasacha in áit le héileamh siar a chinntiú le linn an tsamhraidh. Cuireadh in iúl go raibh breithmheas ar obair an Phríomhfheidhmeannaigh á ullmhú ag an Chathaoirleach agus go mbeadh sin déanta roimh an chéad chruinniú Boird eile.

D'athdhearbhaigh an Cathaoirleach sa chás go mbeadh aon cheist ag comhalta Boird maidir le scéimeanna nó aon ghné d'obair Fhoras na Gaeilge, gur cheart na ceisteanna sin a chur ar an Stiúrthóir cuí agus ní ar bhaill foirne aonair agus chuir sé an méid sin ina luí arís ar na comhaltaí.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Cuireadh in iúl gur tharla ceithre fhócasghrúpa agus go raibh an ceann deireanach le bheith i mBéal Feirste an tseachtain dár gcionn. Cuireadh in iúl go raibh taighde déanta ar na freagraí a fuarthas ar an suirbhé.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú déanta ag an Choiste ar an Chód Iompair do Chomhaltaí den Bhord a faomhadh ag an CATT siar in 2001. Ghlac an Bord leis na hathruithe agus aontaíodh go ndéanfaí uasdátú ar an leagan Béarla agus go gcuirfí ar aghaidh chuig Bord na hUltaise é. Aontaíodh go scaipfí an leagan Béarla ar an Bhord mar eolas. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur ullmhaigh sé buan-orduithe don Fhoras Teanga bunaithe ar na buan-orduithe ag Foras na Gaeilge agus go mbeadh siad faoi bhráid an Bhoird i mí Iúil.

D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Pléadh an achoimre ar na hathruithe ar an chás gnó don chuíchóiriú agus ghlac an Bord leis.

D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín ag an phointe seo.

Cuireadh in iúl gur ardaíodh ceist faoin scéim fóirdheontais agus an cinneadh a rinne an Bord i mí an Mhárta agus an buiséad a phlé gan mhaoiniú a chur ar fáil don scéim agus cuireadh in iúl go raibh an Coiste Forbartha chun pilleadh ar an cheist arís.

Comhchoiste Cholmcille

Cuireadh in iúl gur fógraíodh Scéim Scoláireachtaí do dhaoine le Gaeilge a bhí ag iarraidh Gàidhlig a fhoghlaim agus go raibh measúnú déanta ar na hiarratais agus gur moladh scoláireachtaí dar luach £16,530 ó chiste Cholmcille cuidiú le daoine freastal ar chúrsaí sa Ghàidhlig le linn an tsamhraidh. Thug an Bord faomhadh don chaiteachas sin.

Coiste an Fhoclóra

Tugadh uasdátú ar staid reatha an fhoclóra.

Coiste na Gaeilge

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú socraithe le hÚdarás na Gaeltachta an mhí seo chugainn maidir le Líofa a leathnú fud an oileáin. Cuireadh in iúl go mbeadh teagmháil le déanamh le deontaithe Fhoras na Gaeilge maidir le ranganna a chur ar fáil. Cuireadh in iúl go mbeadh mapáil le déanamh ar an soláthar reatha atá ann ó thaobh acmhainní foghlama de.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirligh agus le baill na gCoistí uile.

03.114 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 AIBREÁN 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais go dtí 30 Aibreán 2013 agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2013.

04.114 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.114 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú eile leis an ARC&C agus OITÉ socraithe do 25 Meitheamh le dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile maidir le Ráitis Airgeadais 2011 agus 2012 a phlé.
- Éifeachtúlacht an Bhoird –Aontaíodh go mbeadh seisiún traenála / oiliúna ag an chruinniú ar 26 Iúil.
- Go mbeadh an cruinniú CATT ann ar 12 Meitheamh.
- Gur eagraíodh an chomhdháil *Voces in Artes* ón 10 go dtí 12 Bealtaine. Go raibh tús curtha leis an chomhairliúchán ar an Scéim Comhionannais don Fhoras Teanga.
- Go raibh i gceist ag an REOG seimineár a reáchtáil ag an Oireachtas ar fheidhmiú na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge – Is cur síos ar obair Fhoras na Gaeilge, obair Údarás na Gaeltachta agus pleananna na Roinne a bheidh ann.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

06.114 COMHFHREAGRAS

Nótáil an Bord an comhfhreagras.

07.114 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl gur tharla an t-agallamh do cheapadh an Iniúcháir Inmheánaigh agus gur comhlacht darb ainm Crowe Horwarth a ceapadh agus go raibh plean Iniúchta 3 bliana á bheachtú faoi láthair.

Cuireadh in iúl go raibh léas nua le síniú d'oifig Fhoras na Gaeilge i Ráth Chairn agus thug an Bord cead séala Fhoras na Gaeilge a úsáid chun an léas a shíniú.

Ardaíodh ceist faoi thodhchaí na n-aonad dara leibhéal lánGhaeilge agus a bhforbairt agus moladh go n-ardófaí an cheist sin le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna ag an chruinniú a bhí iarrtha leis.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2013

Scéim Phobail Gaeilge 2014-2016

Critéar 1 – Úsáid na Gaeilge a Mhéadú sa Phobal

- Tacú le soláthar agus forbairt deiseanna úsáide Gaeilge / forbairt agus neartú gréasáin do phobal na Gaeilge / sóisialú na Gaeilge do gach aoisghrúpa laistigh den phobal trí chlár leathan gníomhaíochtaí a chomhordú agus a sheachadadh .i. imeachtaí sóisialta rialta, mór-imeachtaí / ócáidí bliantúla, imeachtaí oideachasúla, imeachtaí feasachta srl.

Critéar 2 – Deiseanna Foghlamtha a Fheabhsú sa Phobal

- Tacú le soláthar agus forbairt deiseanna foghlamtha Gaeilge do gach aoisghrúpa / teaghlach lastigh den phobal trí chlár ranganna a chomhordú chomh maith le forbairt agus soláthar áiseanna nua Gaeilge;

Critéar 3 – Comhpháirtíochtaí a Thógáil sa Phobal

- A bheith gníomhach i measc an phobail chun comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le geallshealbhóirí eile na sochaí i.e. scoileanna, eagrais oideachais eile, eagrais óige, eagrais chultúrtha, eagrais spóirt, eagrais fhorbartha pobail, grúpaí mionlach eitneacha, lucht gnó srl.

Critéar 4 – Tacú le Feasacht na Gaeilge sa Phobal

- Tacú le feasacht na Gaeilge agus beartais Ghaeilge an Rialtais ar leibhéal lóganta (mar shampla, Acht na dTeangacha Oifigiúla, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Líofo 2015, srl.).

Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2013

Ainm na Complachta	Méid a lorgaíodh 2013	Deontas molta 2013 £/€
Ababú	£16,800	£12,000 €13,793
Aisling Ghéar	£55,000	£50,000 €57,471
Axis	€30,000	€20,000
Branar	€45,000	€28,000
Fibín	€40,000	€32,000
Graffiti	€29,393	€26,000
Moonfish Theatre	€21,250	€17,000
Mouth on Fire Theatre Company	€15,000	€15,000
Opus Eile	€18,256	€15,000
Splódar	€31,500	€25,000

Aguisín 3

Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Méid Iarrtha €	Méid Iarrtha £	Méid Molta €	Méid Molta £stg
Gaelphobal na Lorgan	Campa Samhraidh 2013		€1,750		€1,550
Campa Choirmaic Thír Eoghain	Campa Chormaic Thír Eoghain Seachtain 1		€1,750		€1,750
Campa Chormaic an Dúin	Campa Chormaic an Dúin		€1,750		€1,750
Campa Chormaic an Dúin	Campa Chormaic an triúr agus Múrna		€1,750		€1,750
Club Óige Mhachaire Botháin	Campa Samhraidh Mhachaire Botháin		€3,493		€3,493
Club Óige Setanta	Campa Samhraidh 2013		€3,500		€3,450
Coláiste Shliabh gCuilinn	Coláiste Shliabh gCuilinn		€1,275		€1,185
Glór na Móna	Campa Samhraidh Cumann Óige Uachtar Chluannaí		€3,469		€3,469
Greencastle Youth Club	Coláiste Mhuintir Luinigh 3		€3,500		€3,388
An Clár as Gaeilge	Scléip an tSamhraidh	€3,000		€2,500	
Campa Chormaic Dhoire	Campa Chormaic Dhoire		€3,500		€3,500
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Campa Samhraidh Mhic Reachtain do Dhéagóirí		€1,750		€1,450
Cairde na Gaelscoile (Éadain Mhóir)	Campa Dhoire 2013		€1,750		€1,488
*Fleadh Cheoil na hÉireann Doire 2013	Campa Fleidhe na hÓige 2013		€1,715		€1,340

Ionad Uíbh Eachach	Ionad Uíbh Eachach Scéim Samhraidh		€3,500		€3,250
Bunscoil an Traonaigh	Bunscoil an Traonaigh - Campa Samhraidh		€1,700		€1,500
Campa Chormaic Co. Aontroma	Campa Chormaic (Seachtain 1)		€1,750		€1,750
Ógras	Campa Samhraidh -Na Ceithre Máistrí	€2,500		€1,440	
An Droichead	Campa Samhraidh do Dheisceart agus Oirthear Bhéal Feirste 2013 (a)		€3,490		€3,490
Ballymana Irish Camp	Campa Gaeilge, Campa Spraoi	€5,000		€4,379	
Club Spraoi	Club Spraoi (2)		€1,750		€1,750
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Coláiste Charn Tóchair		€3,500		€3,500
Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh	Campa na Naíonáin sa bhFaill Mór	€922		€922	
Craobh na hAchréidh, Conradh na Gaeilge	Campa Samhraidh Leacaigh	€2,860		€2,260	
*Forum Connemara Ltd.		€2,500		€2,350	
Knocks Grattans Hurling Club	Campaí Samhraidh Grathaine na Cnoc		€1,750		€1,590
Ógras	Baile na Manach 1	€1,637		€1,299	
Ógras	Beannachair 1	€2,042		€1,770	
Ógras	Gaelscoil Mhic Amhlaigh 1	€1,994		€1,706	
Ógras	Biorra 1	€2,102		€1,780	
Ógras	Inistíog	€1,665		€1,331	
Ógras	Marino	€1,623		€1,288	
Ógras	Raghnallach	€1,693		€1,351	
Ógras	Sórd 1	€1,586		€1,248	

Ógras	Cluainín 1	€1,635		€1,301	
Ógras	Léim an Bhradáin Scannán	€2,500		€1,900	
Ógras	Nás 1	€1,682		€1,394	
Cairde Ghleann Darach	Campa Samhraidh Ghleann Darach (3-4 year olds)		€1,750		€1,570
Croí Éanna	Campa Samhraidh Croí Éanna		€3,500		€3,300
Mayobridge Community Centre	Mayobridge Summer Camp		€1,750		€1,750
*Lilliput Adventure Centre	Campa Samhraidh Lilliput 2	€2,500		€2,500	
Balbriggan Youth Service (Foroige)	Gaeltacht sa Bhrigín	€5,000		€4,160	
Cairde Teo	Campa Mhacha		€3,500		€3,500
Gaelcholáiste Phort Láirge	Preab	€2,500		€1,900	
Glór Dhún Geimhin	Campa Chaoimhín Uí Loinsigh		€1,500		€1,500
M.C.Y.P.	Baile na nGallógach	€4,900		€4,900	
Conradh na Gaeilge - Seal Spraoi	Seal Spraoi		€1,660		€1,660
Craobh na hAchréidh, Conradh na Gaeilge	Campa Samhraidh Corra Finne	€2,750		€2,250	
Gaelscoil Bhríde	Taitneamh is Taithí	€2,234		€2,034	
Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	Scoil Samhraidh Bhoirche Íochtar		€3,500		€3,500
Ógras	Coláiste Pobail, Oileán Chiarraí	€1,708		€1,426	
Ógras	Campa Aogáin, Oileán Chiarraí	€1,752		€1,500	
Conradh na Gaeilge	Bealach an Dóirín	€5,000		€5,000	
Cumann Iarscoil na gCrann	Campa na gCrann		€3,448		€3,318
Ógras	Cumann Iosaef, Tra Lí	€1,839		€1,570	
Ógras	Baile Uí Thaidhg, Co. Chiarraí	€1,700		€1,700	
Ógras	Halla Pobail, Gníomh Go Leith,	€1,914		€1,630	

Ciarraí

Iomlán

€

€60,788

£

£66,489

Iomlán €

€141,873

Líon iarratais san iomlán

99

Líon Campaí Maoinithe

57

Líon Campaí Stg.

28

Líon Campaí €

29

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2,
Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Leasú le Ceadú

Ainm an Tionscadail: Sealbhú na Gaeilge ag Naíonan

Uimhir Thagartha: 1001197

An Deontas:

Ag an chruinniú boird i mí Eanáir 2011 cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge deontas nach mó ná **€27,657** (€13,828.50 i 2011, €6,914.25 i 2012 agus €6,914.25 i 2013) a chur ar fáil do UCC (Coláiste Ollscoile Chorcaí) don tionscadal ‘Sealbhú na Gaeilge ag Naíonán’.

Is é atá i gceist ná Áis (MacArthur-Bates Communicative Development Inventory (CDI)) a sholáthair do thuismitheoirí, teiripeoirí teanga, Stiúrthóirí naíonra agus bunmhúinteoirí a ligfeadh dóibh monatóireacht a dhéanamh ar shealbhú teanga na bpáistí atá ag sealbhú Gaeilge, nó Gaeilge agus Béarla le chéile. Tá an tionscadal seo dírithe ar pháistí óga ó 16 mí go 40 mí d’aois.

Leis an áis seo bheadh deis ann forbairt Ghaeilge an linbh a mheas agus a chur i gcomparáid le noirm don Ghaeilge agus do theangacha eile ag an aois sin. Cuideoidh sé le páistí le fadhbanna teanga a aithint ar bhonn iontaofa – rud a éascóidh na páistí a chur ar aghaidh chuig seirbhísí riachtanais speisialta. Cuirfear, tríd an tionscadal, fráma tuisceana ar fáil do thuismitheoirí agus daoine proifisiúnta maidir le sealbhú na Gaeilge, rud a chuirfeadh le muinín na dtuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge.

Leasú:

I gcomhfhreagras ón iarratasóir ar an 25 Márta iarradh ar Fhoras na Gaeilge leasú a dhéanamh ar fhad an tionscadail go dtí Nollaig 2014 toisc an comhordaitheoir bheith ar shaoire máitheachais ar feadh seala anuraidh agus tá beirt taighdeoirí eile (atá ag obair le páistí i gCúige Chonnachta) i ndiaidh dul amach ar shaoire mháithreachais i mbliana.

Próifíl:

	Deontas Ceadaithe 2011	Leasú Molta 2013
2011	€13,828.50	€13,828.50
2012	€6,914.25	€6,914.25
2013	€6,914.25	€0
2014	€0	€6,914.25
Iomlán	€27,657	€27,657

Moladh

Moltar an leasú sa phróifíl a cheadú.

Foras na Gaeilge

**Cruinniú Boird: 24 Bealtaine 2013
Nóta Eolais**

Achoimre ar Iarratais faoin scéim
‘An Ghaeilge sa Phobal 2013’ (Scéim faoi bhun €5,000)

Aidhm na Scéime

Is í aidhm na scéime ná tacaíocht a thabhairt do choistí pobail áitiúla chun imeachtaí/gníomhaíochtaí a reáchtáil a chuireann le suim/le húsáid na Gaeilge.

Critéir na Scéime:

Imeachtaí/gníomhaíochtaí srl chun

- An Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal
- Cur le rannpháirtíocht agus cruthaitheacht sa Ghaeilge ag leibhéal pobail
- Daoine a thabhairt le chéile agus gníomhaíocht Ghaeilge sa phobal a mhéadú
- Cur leis an dúshraith scileanna/gníomhaíochtaí Gaeilge
- Cur le cumas agus le muinín grúpaí pobail an Ghaeilge a chur chun cinn.

Briseadh síos tíreolaíoch ar dheontaithe

2	i gCo na Gaillimhe
1	i gCo Aontroma
1	i gCo. Mhuineacháin
2	i gCo Bhaile Átha Cliath
1	i gCo. Mhaigh Eo
2	i gCo Thír Eoghain
1	i gCo Loch Garman
2	i gCo Ciarraí
1	i gCo Luimnigh

1. An Líon Iarratas a fuarthas: 21

2. An Líon Ceadaithe: 13

3. (i) An Líon Diúltaithe:
(4 ón deisceart & 4 ón tuaisceart)

4. Méid na ndeontas:

An deontas is mó a ceadaíodh (€): €5,000

An deontas is mó a ceadaíodh (£): £3,500

An deontas is lú a ceadaíodh (€): €900

An deontas is lú a ceadaíodh (£): £1,060

6. Airgead iomlán ceadaithe: €42,200.00
£6,435.00

**Miontuairiscí ón 115ú cruinniú Boird d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh
Déardaoin 27 Meitheamh 2013 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), T. Ruane, D. Ó hAiniféin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, Á. Ní Chiaráin agus C. Ní Shúilleabháin.

Leithscéalta: P. Callaghan, L. Kennedy agus C. Cavanagh.

Níor fhreastail E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, T. Sharkey agus É. Ó Gribín ar an mhír seo den chruinniú mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: J. Ó Labhraí agus M. Ó Ríordáin.

01.115 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Bhí plé ar na hiarratais bhunmhaoinithe agus cuireadh in iúl go mbeadh laghdú bunaithe ar 5% de mhaoiniú iomlán na heagraíochta sa tréimhse chéanna i 2012 le cur i bhfeidhm taobh istigh den bhille tuarastail i gcás roinnt eagraíochtaí bunmhaoinithe nach raibh ciorrú curtha i bhfeidhm acu.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le bunmhaoiniú Iúil go Nollaig 2013 mar seo a leanas:

Eagraíocht	Méid iarrtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge (agus Seachtain na Gaeilge)	€261,534	€235,538
POBAL	£128,440.40	£90,796
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	€307,752.55	€248,750
Raidió na Life	€153,569	€109,405
Glór na nGael	€244,799	€223,514
Raidió Fáilte	£50,382	£50,382
Iontaobhas Ultach	£92,873	£87,716
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	€83,140	€76,239
Comhaltas Uladh	£35,966	£26,850
Oireachtas na Gaeilge	€275,328	€238,828
Forbairt Feirste	£53,649	£53,649
An t-Áisaonad	£159,516	£141,921
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	€145,608.27	€88,276
Comhluadar	€104,663.40	€104,662
Cumann na bhFiann	€266,342	€224,939
Gaelscoileanna	€209,318.15	€193,342
Gael Linn	€276,507	€276,507
FNT	€468,244	€103,832
Altram	£86,146	£86,145

Ghlac an Bord leis an chinneadh gan maoiniú a cheadú faoin bhunmhaoiniú do Feasta ná an tUltach ach go dtiocfadh leo iarratas ar leith a chur isteach agus go mbeadh cead ag an Chathaoirleach, Cathaoirleach an Choiste Nuachtán & Irisí agus an Príomhfheidhmeannach maoiniú a cheadú ag leibhéal 5% níos ísle ná an méid a ceadaíodh do 2012 ach na hiarratais a bheith sásúil. D'aontaigh an Bord gan maoiniú a chur ar fáil don Scéim Fhóirdheontais do na naíonraí Gaeilge ó dheas.

Aontaíodh go n-iarrfaí ar na heagrais bhunmhaoinithe cuntas bainc ar leith a oscailt do mhaoiniú Fhoras na Gaeilge amháin agus go gcuirfí litir amach chucu leis an chinneadh seo a chur in iúl.

An Coiste Forbartha

Tugadh uasdátú ar an chás gnó don chuíchóiriú.

Ghlac an Bord leis an chás gnó. Iarradh ar an fheidhmeannas Cathaoirleach an Choiste Forbartha a choinneáil ar an eolas faoin chruinniú CATT den 10 Iúil agus aontaíodh go scaipfí cóip den chomhráiteas a bheadh eisithe ar an Bhord dá réir.

Scor an cruinniú ag 19.45

Miontuairiscí ón 115ú cruinniú Boird d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 28 Meitheamh 2013 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, T. Ruane, D. Ó hAiniféin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, L. Kennedy, T. Sharkey, Á. Ní Chiaráin, C. Ní Shúilleabháin agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: S. Mac Donncha, P. Callaghan agus C. Cavanagh.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: J. Ó Labhraí agus M. Ó Ríordáin.

02.115 MIONTUAIRISCÍ ÓN CHRUINNÍÚ BOIRD DEN 24 BEALTAINÉ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh litir, i gcomhar leis an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus Údarás na Gaeltachta, le cur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go raibh síniú na gCathaoirleach a bhfáil.

03.115 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas (ar lean)

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £65,000 a cheadú do Naíscoil Ghleann an Iolair thar na scoilbhlianta 2013/14 agus 2014/15.

Ainm Eagraíochta	Méid iarrtha	Méid molta
Naíscoil Ghleann an Iolair	£65,000	£65,000

(£14,999 i 2013, £30,000 i 2014 agus £20,001 i 2015)

Scéim na bhFéilte

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na bhFéilte 2013 (**Aguisín 1**).

Ardaíodh ceist faoi úsáid na Gaeilge le linn na bhféilte agus aontaíodh go gcaithfeadh grúpaí fianaise a sholáthar ar an fhoirm iarratais feasta i leith na ceiste seo. Aontaíodh gur cheart fianaise maidir le húsáid na Gaeilge ag na féilte a bhailiú agus a scaipeadh ar an Bhord.

Cheadaigh an Bord an caiteachas breise de €4,346 do Scéim na gComplachtaí Drámaíochta do 2013. Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir leis an scéim 'An Ghaeilge sa Phobal 2013'.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh síniú na gcuntas do 2010 a bheadh le leagan ar 5 Iúil 2013. Cuireadh in iúl go mbeadh cuntais 2011 le leagan roimh dheireadh na bliana.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl go mbeadh an tIníúcháir Inmheánach nua ag tosú go luath agus go raibh plean iniúchta trí bliana á ullmhú faoi láthair. Cuireadh in iúl gur thug an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha cur i láthair ar obair na Stiúrthóireachta don Choiste agus go mbeadh cur i láthair le tabhairt don Bhord ag gach Stiúrthóir ag toiseacht san Fhómhar.

Coiste na Gaeilge

Cuireadh in iúl go raibh mapáil á dhéanamh ar na hacmhainní / áiseanna Gaeilge atá ar fáil faoi láthair. Cuireadh in iúl go mbeifí ag bualadh le roinnt grúpaí atá maoinithe ag Foras na Gaeilge sula gcuirfeadh an Coiste clár oibre le chéile.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Cuireadh in iúl go raibh anailís déanta ar na torthaí a fuarthas ón suirbhé a rinneadh maidir le soláthar seirbhísí nuachta. Cuireadh in iúl nach raibh an tuairisc ar na fócasghrúpaí curtha ar fáil go fóill.

Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis an mholadh go gcuirfí coinníoll le foirm iarratais Scéim na Foilsitheoireachta 2014 chun a chinntiú go gcuirfí cóipeanna de na leabhair a mhaoineofaí faoin Scéim ar fáil faoi réir na riachtanas statúideach atá leagtha síos.

Cuireadh in iúl go mbeadh na moltaí faoi Scéim na gCoimisiún faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú Boird eile.

Comhchoiste Cholmcille

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann ar 10 Meitheamh agus ghlac an Bord leis na moltaí maidir leis na hiarratais (**Aguisín 2**).

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2,

Aontaíodh go n-ullmhódh an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar Cholmcille agus an stair a bhain leis an tionscadal don chéad chruinniú Boird eile. Aontaíodh go lorgófaí cruinniú leis na Ranna i leith na ceiste dá réir.

04.115 TUAIRISC ÓN CHRUINNIÚ CATT DEN 12 MEITHEAMH

Cuireadh in iúl gur cuireadh an cruinniú den 12 Meitheamh ar ceal ach gur tharla sé ar an 19 Meitheamh ach nach ndearnadh aon chinneadh faoin chuíchóiriú ag an chruinniú sin agus go raibh cruinniú eile le bheith ann go luath.

05.115 PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2013

Bhí plé ar Phlean Gnó 2013. Ardaíodh ceist faoi phointe 2.2.2 ar leathanach 10 den cháipéis maidir le ‘tacú le hoiliúint inghairme múinteoirí’ agus aontaíodh go leasófaí an abairt seo go ‘tacú le múinteoirí’.

Ardaíodh ceist faoi phointe 5.2.6 ar leathanach 18 den cháipéis agus aontaíodh go gcuirfeadh É. Ó Gribín páipéar ar fáil don chéad chruinniú Boird eile maidir le Cairt na hEorpa.

Ghlac an Bord le Plean Gnó 2013 agus thug an Bord cead don fheidhmeannas na hathruithe molta a chur i bhfeidhm air agus é a sheoladh chuig na Ranna Urraíochta.

06.115 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 BEALTAINE 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú iomlán ar an bhuiséad faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú Boird eile. Ghlac an Bord leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2013.

07.115 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

08.115 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- gur ardaigh an dlíodóir cúpla ceist faoin léas ar oifig Ráth Chairn agus go raibh siad curtha ar aghaidh chuig Údarás na Gaeltachta.
- go raibh ollchruinniú foirne ann ar 20 Meitheamh agus tús curtha leis an phróiseas pleanála don Phlean Corparáideach 2014-2016.
- go raibh plé leis an REOG maidir le Foras na Gaeilge a bheith faoin “State Claims Agency” ó thaobh árachais de.

09.115 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

10.115 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeadh seisiún oiliúna ag an chruinniú Boird ar 26 Iúil.
Chuir an Cathaoirleach in iúl nach mbeadh sé i láthair ag an chéad cruinniú Boird eile.
Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an fheidhmeannas agus leis an Bhord as an obair go dáta.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
26 Iúil 2013

Tuairisc ó Choiste na nDeontas chuig Bord Fhoras na Gaeilge**Scéim na bhFéilte : 2013**

Iarrthóir	Féile	Deontas á lorg 2013 €	Deontas molta 2013 €	Deontas molta 2013 £
Alliance Francaise	Franco-Irish Literary Festival	2,000	2,000	
Áras Éanna	Féilte Áras Éanna 2013	5,000	1,500	
An Droichead	Féile an Droichead	£8,980	2,439	£2,000
An Gaeláras (Scoil Samhraidh Cholm Cille	Scoil Samhraidh Cholm Cille	£15,000	4,878	£4,000
Cumann Scoildrámaíocht Bhéal Feirste	Féile Scoildrámaíocht Bhéal Feirste	£1,200	915	750
Baboró	Baboró	8,000	4,000	
Blas International Summer School of Irish Traditional Music & Dance	Blas International Summer School of Irish Traditional Music & Dance	6,000	1,500	
Bantry Tourism & Development Association	Remembering Capt. Francis O'Neill	15,000	500	

Cliara Development	Snas ar do Bhlas	2,000	750	
Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile	Féile na hEachléime	4,000	1,000	
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Scoil Mhic Reachtain	£8,000	2,439	2,000
Cúirt Féile Idirnáisiúnta Litríochta	Cúirt – Féile Idir náisiúnta Litríochta	2,000	1,500	
Cumann Merriman	Scoil Merriman	6,500	2,000	
Féile Meiriceá Laidineach	Féile Meiriceá Laidineach	2,000	750	
Féile na hInse	Féile na hInse	3,000	2,200	
Féile Chois Cuain	Féile Chois Cuain	2,500	1,500	
Féile na Bealtaine	Féile na Bealtaine	10,000	3,000	
Féile Pan-Cheilteach	Féile Pan-Cheilteach	15,-000	7,750	
Féile Scoildrámaíocht na Gaillimhe	Féile Scoildrámaíocht na Gaillimhe	3,000	1,500	
Féile Scoildrámaíocht an Chláir	Féile Scoildrámaíocht an Chláir	1,500	1,500	
Féile Bhaile an Tóchair	Féile Bhaile an Tóchair, Co. Shligigh	£3,320	1,500	
Féile Uí Chearúlláin	Féile Uí Chearúlláin	3,000	1,500	
Frank Finn Traditional Singing	Frank Finn Traditional Singing Festival	1,500	750	

Festival				
Féile Charn Tóchair	Féile Charn Tóchair	£5,686	2,439	£2,000
Féile na Locha	Féile na Locha	5,000	1,000	
Féile Bia Phort Láirge	Féile Bia Phort Láirge	3,200	1,500	
Féile Chroí Chaisléan an Bharraigh (Castlebar Chamber of Commerce)	Féile Chroí Chaisléan an Bharraigh	1,500	1,000	
Féile Scéalaíochta Chléire	Féile Scéalaíochta Chléire	1,500	1,000	
Féile Dhoire	Féile Dhoire	£990stg	915	750
Galway Film Fleadh	Junior Galway Film Fleadh	6,000	2,260	
Imbolc	Imbolc	2,830	1,250	
Immrama	Immrama	3,000	1,500	
Imram	Imram	22,000	18,000	
Killeenduff Irish Culture Weekend	Killeenduff Irish Culture Weekend	2,000	750	
Nephin View Restoration Festival	Vintage Show & Lá Spraoi	4,500	750	
Navan Choral Festival	Navan Choral Festival	5,000	1,500	
Oidhreacht an Chaisleáin	Oidhreacht an Chaisleáin	8,322.40	1,000	

Open House Festival	Open House Festival	£10,000	4,878	4,000
Picnic Thraidisiúnta	Picnic Thraidisiúnta	6,796	1,500	
Scoil Acla	Scoil Samhraidh Acla	5,000	1,500	
Scríbhneoirí Lios Tuathail	Scríbhneoirí Lios Tuathail	1,500	1,500	
Sean-Nós Cois Life	Sean- Nós Cois Life	2,000	1,000	
Sligo Feis Ceoil	Feis Cheoil Shligigh	2,000	1,000	
Scoil Samhraidh Willie Clancy	Scoil Samhraidh Willie Clancy	4,500	3,000	
Scoil Samhraidh Shéamúis Uí Néill (Glór na nGael Uachtar Tíre)	Scoil Samhraidh Shéamúis Uí Néill	£4,383	2,439	2,000
Seosamh Mac Gabhann Summer School	Seosamh Mac Gabhann Summer School	2,500	1,000	
Siamsa Sráide	Siamsa Sráide	2,000	1,000	
Sean-Bheairic Teo.	Féile Ealaíona & Cultúrtha na Sean-Bheairice	2,550	1,000	
Thurles Halloween Festival	Thurles Halloween Festival	2,500	1,500	
Togra Mhaigh Eo. (Conradh na Gaeilge)	Tóstal Mhaigh Eo.	2,000	1,000	
Willie Keane Memorial Weekend	Willie Keane Memorial Weekend	4,000	1,000	

Westport Shop ‘n Spraoi na Nolag	Shop ‘n Spraoi na Nolag	3,800	1,000	
Westport Arts Festival	Westport Arts Festival	5,000	1,000	
William Kennedy Piping Festival	William Kennedy Piping Festival	£7,000	2,439	2,000

Siniú Cathaoirleach an choiste :
Dáta :

Foras na Gaeilge
2013

Cruinniú an Fhorais: 27/28 Meitheamh

Mír: 3.9

Comhchoiste Cholmcille

Bhí cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ar 10 Meitheamh 2013.
Pléadh na h-iarraitais a leanas agus mhol an Comhchoiste na
cinnithe thíos:

Éire – Thuaidh

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
Pobal	£2,860	£2,500
Coláiste Feirste	£7,400	£7,400
East Belfast Mission	£400	£400
Forbairt Feirste	£2,533	£2,533
Ollscoil Uladh	£5,250	£4,750
Cumann Gaelach Leath Chathail	£1,000	£1,000
Armagh Pipers Club	£3,712.50	£3,500
Iomlán	£32,975.50	£22,083

Éire – Theas

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
Áras Éanna	€6,240	€5,400
Cairdeas na bhFidiléirí	€12,500	€11,000
Gàidhlig ann an Èirinn	€5,260	€1,805
Glór na nGael	€3,700	€3,700
Cumann Mícheál Breathnach	€12,400	€12,400
Ionad Ealaíona Iorras Teoranta	€3,000	€2,500
Tions. Ceoil Traid. Inis Eoghain	€3,054.81	€2,600
Iomlán	€46,154.81	€39,405

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2,
Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 116ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Iúil 2013 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, Á. Ní Chiaráin, P. Callaghan, C. Cavanagh, C. Ní Shúilleabháin agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), T. Ruane, D. Ó hAiniféin, T. Mac Eochagáin, L. Kennedy agus T. Sharkey.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus M. Ó Ríordáin.

01.116 SEISIÚN OILIÚNA

Bhí seisiún oiliúna ag an Bhord le D. Nicholl ó Onboard Training and Consultancy maidir le héifeachtúlacht Boird.

02.116 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Leasaíodh na miontuairiscí le léiriú nár fhreastail E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, T. Sharkey ná É. Ó Gribín ar an chruinniú Boird Déardaoin 27 Meitheamh 2013 nuair a bhí bunmhaoiniú á phlé mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Leas-Chathaoirleach an leagan leasaithe. Chuir É. Ó Gribín in iúl nach raibh an páipéar ullmhaithe aige fós maidir le Cairt na hEorpa ach go mbeadh sé réidh i Meán Fómhair. Cuireadh in iúl go raibh measúnú déanta ar iarratais ar mhaoiniú ó Feasta agus an tUltach agus go mbeadh na hiarratais le plé ag an Chathaoirleach, Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí agus an Príomhfheidhmeannach.

03.116 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim na nImeachtaí Óige 2013 (**Aguisín 1**).

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le Gaelscoileanna Teo (**Aguisín 2**) agus Altram (**Aguisín 3**). Scaipeadh nóta eolais maidir le Comhlúadar agus thug an Bord suntas dó (**Aguisín 4**). Bhí plé ar an Chiste Chúram Iarscoile sa Phobal agus aontaíodh go ndéanfaí é a phlé arís ag an chéad chruinniú Boird eile. Iarradh ar chomhaltaí aon mholtaí a bheadh acu ina leith a chur isteach chuig an fheidhmeannas.

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
East Belfast Mission	1301082	£93,885	£47,968

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £47,968 (**£15,989 i 2013 agus £31,979 i 2014**) a cheadú don East Belfast Mission mar mhaoiniú don tréimhse 1 Meán Fómhair 2013 go dtí 31 Lúnasa 2014.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú den Choiste ann toisc nach raibh an Cathaoirleach ar fáil.

Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an lá roimhe ag ar pléadh conradh an Iniúchóra Inmheánaigh nua. Cuireadh in iúl go raibh conradh trí bliana aontaithe ag an Choiste le Crowe Horwath ag tosú ar 15 Lúnasa 2013. Scaipeadh cóip den chlár riosca a pléadh ag an Choiste an lá roimhe. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. **(Aguisín 5)**

Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú den Choiste Forbartha le socrú go luath i ngeall ar chinneadh an CATT agus na socruithe nua a bheas i bhfeidhm. Thug an Bord suntas don cháipéis a scaipeadh ar na heagrais bhunmhaoinithe ar chinneadh an CATT. **(Aguisín 6)**

Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge

Ghlac an Bord leis na moltaí €71,285 a cheadú faoi Scéim na gCoimisiún 2013 **(Aguisín 7)**.

Luadh gur ritheadh rún buíochais le D. Davitt, Clárghainisteoir: An Earnáil Phoiblí agus na hEalaíona, ag an chruinniú deireanach den Choiste toisc go bhfuil sí ag éirí as a post le Foras na Gaeilge. Ghabh an Bord buíochas léi agus tugadh ardmholadh di as an obair ollmhór atá déanta aici i réimse na n-ealaíon.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Pléadh an staid reatha faoi sheirbhís nuachta Gaeilge agus an méid fianaise a bhí bailithe ag eascairt as an phróiseas comhairliúcháin.

Coiste na Gaeilge

Cuireadh in iúl go raibh oibrí Líofo leis an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta sásta feidhmiú mar bhall de Choiste an Fheidhmeannais atá ag tacú le Coiste na Gaeilge.

03.116 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Tháinig an Clárghainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe. Scaipeadh cóip uasdátaithe den ráiteas caiteachais agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go ndearnadh athbhreithniú ar na buiséid ar fad agus go raibh na sábhailtí dailte ar na rannóga éagsúla anois. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i Meán Fómhair.

Cuireadh in iúl go raibh cás gnó le hullmhú chun comhairleoirí bainistithe athruithe a cheapadh le plé leis an earnáil bhunmhaoinithe mar gheall ar chinneadh an CATT.

04.116 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.116 NÓTA EOLAIS AR CHOLMCILLE

Pléadh an nóta eolais ar Cholmcille agus na deacrachtaí a bhaineann leis an tionscadal agus aontáíodh gur chóir scríobh chuig na Ranna ar lorg cruinnithe do Chathaoirleach an Bhoird, Chathaoirleach Chomhchoiste Cholmcille agus an Príomhfheidhmeannach leo chun ceistanna a bhaineann le Colmcille a phlé.

D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise ag an phointe seo.

06.116 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- gur faomhadh na moltaí leis an athstruchtúrú ar an earnáil bhunmhaoinithe ag an chruinniú CATT ar 10 Iúil.
- go raibh sraith cruinnithe leis na heagrais a bhí ar fáil leis na cinntí a mhíniú agus an bealach chun tosaigh a phlé.
- go raibh cruinniú leis an Ard Reachtaire Cuntas & Ciste, Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus Bord na hUltaise ar 01 Iúil maidir le Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2011. Aontáíodh clár ama agus má éiríonn leis na páirtithe éagsúla cloí leis leagfar Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2011 i mí na Samhna.
- go raibh an léas ar oifig Ráth Chairn sínithe anois agus seolta chuig Údarás na Gaeltachta.
- go raibh tairiscintí lorgtha le Séala an Aistriúcháin a riar.
- go raibh meabhrán tuisceana a aontú le Gael Linn agus Conradh na Gaeilge maidir le riar GLEO.

Cuireadh in iúl go raibh aischothú an-dearfach faighte ón Roinn Oideachais ó thuaidh maidir leis an chigireacht atá ar siúl ar Scéim na gCampaí Samhraidh 2013 faoi láthair.

Cuireadh in iúl go raibh tairiscintí le lorg ar eTenders don mhórthaighde agus go mbeadh moladh don Bhord ina leith san Fhómhar.

07.116 MOLADH MAIDIR LE www.focal.ie

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le www.focal.ie (Aguisín 6).

08.116 COMHFHREAGRAS

Nótáil an Bord an comhfhreagras ón Áisaonad agus aontáíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach litir chucu ag cur in iúl gur nótáladh an litir ag an Bhord. Nótáil an Bord an comhfhreagras ó Naíonra Lios na nÓg.

09.116 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl i nGaith Dobhair.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
27 Meán Fómhair 2013

Scéim na nImeachtaí Óige

Aguisín 1

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Méid Molta san Iomlán €	Méid Molta 2013 €	Méid Molta 2014 €	Méid Molta san Iomlán £stg	Méid Molta 2013 £stg	Méid Molta 2014 £stg
1301042.09	Banóglaigh na hÉireann-Béal an Átha (Ballina Girl Guides)	€5,000.00	€3,150.00	€1,850.00			
1301042.44	Glór na Móna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.13	Cairde Uí Néill				£3,500.00	£1,402.00	£2,098.00
1301042.14	Cairde Uí Néill				£3,500.00	£1,402.00	£2,098.00
1301042.25	Coláiste Feirste				£3,040.00	£1,260.00	£1,780.00
1301042.31	Cumann Caisleán Óir	€4,880.00	€2,480.00	€2,400.00			
1301042.35	Cumann Óige Átha an Rí	€4,990.00	€2,090.00	€2,900.00			
1301042.46	Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin				£3,025.00	£1,750.00	£1,275.00
1301042.47	Ionad Uíbh Eachach				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.55	Ógras	€3,275.00	€1,585.00	€1,690.00			
1301042.27	Coláiste Feirste				£2,074.00	£908.00	£1,166.00
1301042.29	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar				£3,450.00	£1,780.00	£1,670.00
1301042.45	Greencastle Youth Club				£3,260.00	£842.00	£2,418.00
1301042.71	Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
1301042.72	Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
1301042.73	Ógras an Chaistil				£3,500.00	£1,510.00	£1,990.00
1301042.17	Club Óige Luraigh				£3,500.00	£1,600.00	£1,900.00
1301042.20	Club Óige Setanta				£3,400.00	£1,366.00	£2,034.00
1301042.32	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain				£3,340.00	£1,670.00	£1,670.00
1301042.56	Ógras	€4,000.00	€2,180.00	€1,820.00			
1301042.58	Ógras	€3,860.00	€2,210.00	€1,650.00			
1301042.67	Ógras	€4,524.00	€2,324.00	€2,200.00			
1301042.10	Cairde Bunscoil na Deirge				£2,772.00	£1,814.00	£958.00
1301042.22	Club Spraoi				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00

1301042.26	Coláiste Feirste				£2,000.00	£1,200.00	£800.00
1301042.42	Glór an Ghleanna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.59	Ógras	€5,000.00	€2,700.00	€2,300.00			
1301042.66	Ógras	€3,224.00	€1,519.00	€1,705.00			
1301042.68	Ógras	€3,954.00	€1,977.00	€1,977.00			
1301042.69	Ógras	€3,539.00	€1,589.00	€1,950.00			
1301042.70	Ógras	€4,350.00	€2,320.00	€2,030.00			
1301042.07	Athboy No Name! Club	€1,846.00	€1,296.00	€550.00			
1301042.33	Cumann Iarscoil na gCrann				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.39	Gaelscoil Aodha Rua				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.19	Club Óige na Carraige Móire				£2,900.00	£710.00	£2,190.00
1301042.28	Coláiste Feirste				£2,981.00	£1,099.00	£1,882.00
1301042.53	Ogras	€4,580.00	€2,570.00	€2,010.00			
1301042.54	Ogras	€4,130.00	€2,120.00	€2,010.00			
1301042.60	Ógras	€3,550.00	€2,100.00	€1,450.00			
1301042.61	Ógras	€3,472.00	€1,736.00	€1,736.00			
1301042.75	Seal Spraoi	€3,500.00	€1,970.00	€1,530.00			
1301042.21	Club Óige Setanta				£3,300.00	£944.00	£2,356.00
1301042.36	Cumann Óige Chroí Éanna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.77	Tacú, Ballinrobe Family Resource Centre	€4,000.00	€4,000.00				
1301042.78	Tír na nÓg Club Spraoi Phartraí	€5,000.00	€3,050.00	€1,950.00			
1301042.76	Spraoi agus Spórt	€5,000.00	€3,000.00	€2,000.00			
1301042.12	Cairde na Gaelscoile				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.01	An Droichead				£3,500.00		£3,500.00
1301042.02	An Droichead				£3,226.00	£3,226.00	
1301042.03	An Gaelarás				£3,300.00	£1,430.00	£1,870.00
1301042.18	Club Óige Mhachaire Bóthain				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.51	Ogras	€1,860.00	€810.00	€1,050.00			
1301042.04	An Gaelarás				£1,990.00	£1,582.00	£408.00
1301042.05	An Gaelarás				£1,990.00	£1,582.00	£408.00
1301042.16	Club Cispheile "Lee Valley"	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			

1301042.23	Coiste Forbartha Charn Tóchair				£3,483.00	£1,683.00	£1,800.00
1301042.37	Gael-Fhorbairt na Gaillimhe	€4,100.00	€2,115.00	€1,985.00			
1301042.50	Ogras	€2,470.00	€990.00	€1,480.00			
1301042.52	Ogras	€1,275.00	€625.00	€650.00			
1301042.57	Ógras	€3,206.00	€1,603.00	€1,603.00			
1301042.62	Ógras	€2,120.00	€860.00	€1,260.00			
1301042.63	Ógras	€2,295.00	€945.00	€1,350.00			
1301042.11	Cairde na Gaelscoile				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.15	Cáirdeas, Kilmovee Family Resource Centre	€2,790.00	€1,030.00	€1,760.00			
1301042.40	Gaelscoil Éanna				£3,180.00	£1,750.00	£1,430.00
1301042.48	Naí-Ionad Ard Eoghain				£3,490.00	£1,745.00	£1,745.00
1301042.49	Naíscoil Léim an Mhadaigh				£3,089.00	£1,175.00	£1,914.00

€120,790.00	€64,444.00	€56,346.00	£111,790.00	£52,930.00	£58,860.00
			€136,329.27	€64,548.78	€71,780.49

2013 €128,993

2014

€128,126

Iomlán

€257,119

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9.

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1201140
Ainm an Eagrais: Gaelscoileanna Teo.
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2012/2013

Ag cruinniú boird ar an 28 Meán Fómhair 2012 ceadaíodh deontas leasaithe nach mó ná €414,278 do Ghaelscoileanna Teo. don tréimhse 01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2013.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht ar an 30/05/12 iarradh leasú ar an bhuiséad mar atá sonraithe thíos. Bhain an fuilleach faoin tuarastal le post an Fheidhmeannaigh (páirtaimseartha) a bhí folamh ar feadh seala. Iarradh go mbeadh an fuilleach curtha i dtreo costais tionscadail – i. imeachtaí idirscoile toisc éileamh bheith ar an mhír seo - agus iarradh cúpla mionleasú eile.

Tá sé seo curtha sa áireamh sa mholadh thíos:

	Próifíl Buiséid ceadaithe do 2013	Próifíl leasaithe Iarrtha Bealtaine 2013
<i>Ardfheidhmeannach(POC, 28/2009)</i>		
<i>Leas Ardfheidhmeannach (AOF, 28/2009)</i>		
<i>Oifigeach Forbartha(OF, 28/2009)</i>		
<i>Feidhmeannach P/A (OF, 28/2009)</i>		
<i>Rúnaí Oifige(OC, 28/2009)</i>		
Fo-iomlán	136,541	127,885
Costais reatha		
Gnáthchostais reatha	25,726	25,726
Taisteal & Cothabháil	12,000	12,000
Fo-iomlán	37,726	37,726
Imeachtaí / Tionscadail		
Tacaíocht do scoileanna / Deontais Bunaithe Scoileanna	3,000	5,500
Seimineár Oiliúna	2,000	0
Comhdháil Bhliantúil	0	0

Comhthionscadal le FNT (‘An Traein’)	0	0
Imeachtaí Idirscoile	10,000	17,166
Scléip	11,960	11,960
Struchtúr Tacaíochta Réigiúnda	800	0
Nuachtlitir Leictreonach	871	661
Treoirleabhar ar Mhargaíocht na Scoileanna lánGhaeilge	0	0
Athchló - Pacáistí eolais	0	0
Priontáil ar Pholasaí	0	2,000
Fo-iomlán	28,631	37,287
Iomlán	202,898	202,898

Moladh

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir an leas is fearr a bhaint as an deontas.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 12 Meitheamh 2013

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1201135
Ainm an Eagrais: Altram
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2012/2013

Ag cruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012 ceadaíodh deontas nach mó ná £168,732 d'Altram don tréimhse 01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2013

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht ar an 21 Bealtaine 2013 lorgaíodh leasú buiséid chun fochaiteachas faoin mhír tuarastal a chur i dtreo costais reatha agus taistil. Cuireadh in iúl go mbeidh fuilleach ann ó thuarastal (£2,872.03) toisc *‘nach raibh foireann Altram sásta le pinsean a ghlacadh sa timpellacht reatha airgeadais’*.

Tá sé seo curtha sa áireamh sa mholadh thíos:

	Próifíl Buiséid in 2012	Próifíl Buiséid in 2013	Buiséad Leasaithe 2012	Buiséad Leasaithe in 2013
Tuarastail	81,895	81,892	77,348	79,019.97
Taisteal agus cothabháil	1,223	1,222	2,763	1,926.07
Costais Reatha	1,100	1,100	4,107	3,267.96
Imeachtaí / Tionscadail	150	150	150	150
Aiseanna do Naíscoileanna	0	0	30,000	0
Iomlán	£84,368	£84,364	£114,368	£84,364

Moladh

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir leis an eagraíocht an leas is fearr a bhaint as an deontas.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 12 Meitheamh 2013

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301062
Ainm an Eagrais: Comhluadar
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú Iúil go Nollaig 2013

Ag cruinniú boird ar an 28 Meitheamh 2013 ceadaíodh deontas nach mó ná €104,662 do Chomhluadar don tréimhse 01 Iúil go 31 Nollaig 2013.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht ar an 11 Iúil iarradh leasú, mar chuid den phróiseas dearbhuithe tairisceana, ar an bhuiséad mar atá sonraithe thíos.

Tá an Leas-Stiúthóir ag glacadh Tréimhse Tuismitheora (tréimse ceadaithe gan phá) go dtí Deireadh Fómhair 2013. Is mian le Comhluadar na sábháiltí ón tuarastal a chur i dtreo gníomhaíochtaí breise agus oibrithe saorchonatha le tacaíocht a thabhairt ag imeachtaí le linn na tréimshe seo (féach thíos):

	Údaraithe € (01 Iúil 2013 go 31 Nollaig 2013)	Leasú Iarrtha € (01 Iúil 2013 go 31 Nollaig 2013)
Tuarastail		
Stiúrthóir		
Leas Stiúrthóir		
Bainisteoir Imeachtaí		
Feidhmeannach (ócáidiúil)		
Fo-Iomlán	79,056	67,936
Taisteal agus cothabháil	5,000	5,000
Costais reatha agus riaracháin	12,106	12,106
Fo-Iomlán	17,106	17,106
Imeachtaí / Tionscadail		
Imeachtaí Sóisialta	6,000	6,000
Tuistí & Leanaí	1,000	1,000
Comhluadar 12+	500	500
Ceardlann	1,000	1,000
<i>mummypages.ie</i>	0	3,075
Athchló ar threoirleabhar	0	5,415
Foilsíú leabhrán Tuistí & Leanaí	0	2,630
Fo-Iomlán	8,500	19,620
Iomlán	104,662	104,662

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 17/07/13.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9.

Scéim na gCoimisiún

Cló Iar-Chonnacht

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014	Buiséad measta 2015
CLG13032	Jackie Mac Donncha	Úrscéal do dhéagóirí	12,000	9,360	1,872	3,744	3,744
CLG13036	Joe Steve Ó Neachtain	Úrscéal do pháistí agus do dhéagóirí	12,000	8,400	1,680	6,720	
	Cló Iar-Chonnacht	Riarachán	1,500	1,000			1,000
		Iomlán	37,500	18,760	3,552	10,464	4,744

Leabhar Breac

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014	Buiséad measta 2015
CLG13030	Danny Brown	Úrscéal bleachtairíochta	12,000	8,040	1,608	6,432	0
CLG13029	Seán Mac Mathúna	Úrscéal do léitheoirí óga 12+	12,000	9,720	1,944	7,776	0
	Leabhar Breac	Riarachán	2,000	1,000		1,000	
		Iomlán	42,000	18,760	3,552	15,208	

Futa Fata

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014	Buiséad measta 2015
CLG13028	Patricia Forde	Sraith leabhair do pháistí	8,000	6,000	1,200	4,800	
CLG13035	Patricia Mac Eoin	Leabhair do léitheoirí neamhspleácha idir 6-9 bliana d'aois	8,000	5,600	1,120	4,480	
	Futa Fata	Riarachán	2,000	1,000			1,000
		Iomlán	24,000	12,600	5,414	6,186	1,000

Cois Life

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2013	Buiséad measta 2014	Buiséad measta 2015
CLG13022	Éilis Ní Dhuibhne	Úrscéal liteartha	9,000	7,290	1,458	5,832	
CLG13023	Liam Ó Muirthile	Úrscéal	9,500	7,695	1,539	6,156	
CLG13024	Orna Ní Choileáin	Úrscéal fantaisíochta	6,000	4,680	2,808	1,872	
	Cois Life	Riarachán	2,000	1,500		500	1,000
		Iomlán	36,500	21,165	5,805	14,360	1,000

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9.

Aguisín 8

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9

Miontuairiscí ón 117ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 27 Meán Fómhair 2013 in oifig Fhoras na Gaeilge, Gaoth Dobhair.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, T. Ruane, A. Ní Chiaráin, S.M. Ó Domhnaill, S. Mac Donncha, P. Callaghan agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: L. Kennedy, B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, D. Ó hAiniféin, C. Ní Shúilleabháin agus C. Cavanagh.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus J. Ní Ógáin.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Tuairisc ón Choiste Osradhairc

Níor fhreastail E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí ná É. Ó Gribín ar an mhír seo den chruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Pléadh cás a bhain le deontáí de chuid Fhoras na Gaeilge agus aontaíodh gur cheart litir a chur chuig Uachtarán na heagraíochta agus na deacrachtaí a phlé le Cathaoirleach an Bhoird. Cuireadh in iúl go raibh conradh an Iniúcháin Inmheánaigh beagnach reite nuair a thosaigh an t-iniúchadh agus go mbeadh an caiteachas breise le ceadú ag an Bhord.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 6.

Aontaíodh saineolaí ar chúrsaí Acmhainní Daonna a thabhairt isteach ar chonradh gearrthéarmach le lámhleabhar na foirne agus na próisis a chur in áit mar is cuí.

An Coiste Forbartha

Rinneadh cur síos ar an phróiseas roghnúcháin do na 6 Cheanneagraíocht agus ghlac an Bord leis na cáipéisí: Léiriú Suime agus Aighneacht. Thug an Bord cead do Chathaoirleach an Choiste Forbartha agus don Phríomhfheidhmeannach athruithe aontaithe leis na ranna a chur i bhfeidhm ar na cáipéisí.

Tháinig E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín isteach sa chruinniú.

01.117 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí den 26 Iúil agus shínigh an Cathaoirleach iad. Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha in iúl go raibh ceartú le déanamh ar mhiontuairiscí mhí an Mheithimh agus gurb é an íocaí i gceist ná Ollscoil Luimní in áit Blás International School of Irish Traditional Music & Dance. D'iarr an Bord go lorgófaí tuairisc ar chaiteachas ar an deontas.

02.117 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí a leanas maidir le hiarratais ar Scéim na nOifigeach Gaeilge;

Comhairle Chathrach Dhoire

2013 (MF - NOL)	2014	2015	2016 (Ean-MF)	Iomlán
£4,703	£14,110	£14,110	£9,407	£42,330

Comhairle Dhún Geanainn & Tír Eoghain Theas

2013 (MF - NOL)	2014	2015	2016 (Ean-MF)	Iomlán
£3,136	£9,407	£9,407	£6,271	£28,221

Comhairle Fhear Manach

2013 (MF - NOL)	2014	2015	2016 (Ean-MF)	Iomlán
£4,703	£14,110	£14,110	£9,407	£42,330

Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta & Comhairle Bhuirge Léim an Mhadaidh

2013 (MF - NOL)	2014	2015	2016 (Ean-MF)	Iomlán
£3,136	£9,407	£9,407	£ 6,271	£28,221

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 agus 9.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le bunmhaoiniú do Chumann na bhFiann go dtí 31 Nollaig 2013.

Eagraíocht	Méid iarrtha	Méid molta
Cumann na bhFiann	€265,642	€217,239

Dhiúltaigh an Bord don iarratas ag Iontaobhas na Gaelscolaíochta le haghaidh Comhdhlúthú bailithe airgid i measc an phobail ar son na gaelscolaíochta.

Eagraíocht	Méid iarrtha	Méid molta
Iontaobhas na Gaelscolaíochta	£226,784stg	£0

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná **€14,657** (€7,500 i 2013 agus €7,157 i 2014) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann le Vifax don Ghaeilge a fhorbairt don scoilbhliain 2013/14.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le Comhar na Múinteoirí Gaeilge (**Aguisín 1**), Raidió na Life (**Aguisín 2**) agus Conradh na Gaeilge (**Aguisín 3**).

Cheadaigh an Bord an Leasú Proifíl do Naíscoil Cholmcille (**Aguisín 4**).

Bhí ar an Chathaoirleach an cruinniú a fhágáil agus chuaigh an Leas-Cathaoirleach sa chathaoir.

An Coiste Iniúchta

Ghlac an Bord leis an Chlár Riosca nua.

Thug an Bord suntas do thuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh a bhí pléite ag an Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl go raibh tarmligean iomchuí údaráis á ullmhú agus aontaíodh amharc ar líon agus feidhm na gcoistí Boird uilig mar chuid de sin.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go mbeidh scéim Comhionannais an Fhoras Teanga le dul os comhair an Choimisiún Comhionannais ó Thuaidh.

Rinneadh plé ar an Dréachtphlean Corparáideach agus iarradh ar chomhaltaí tuairimí a chur ar ais chuig an Phríomhfheidhmeannach go luath.

An Coiste Nuachtán agus Irisí

Bhí plé ar an tseirbhís nuachta Gaeilge atá le moladh agus ar obair an Choiste. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist a phlé arís ag an chéad chruinniú eile. Aontaíodh iarratas a lorg ó www.beo.ie, *An tUltach* agus *Feasta* don chéad sé mhí de 2014 agus ráiteas físe ó *Saol*.

Coiste na Gaeilge

Cuireadh in iúl go bhfuil suíomh d'fhoghlaimeoirí Gaeilge le dearadh agus go mbeidh míreanna (comhaid & téacsanna) ón chlár teilifíse “NOW YOU'RE TALKING” mar pháirt dó & mar ghléas foghlamtha ar líne.

03.117 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 LÚNASA 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, (don Leas-Chathaoirleach nuair a bheidh an Cathaoirleach ar saoire) i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí na Samhna.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bhuiséad.

04.117 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.117 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuaigh an Príomhfheidhmeannach tríd a thuairisc agus chuir sé in iúl:

- Go raibh cruinniú leis an Ard Reachtaire Cuntas & Ciste, Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus Bord na hUltaise maidir le Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2011. Gur leagadh síos clár ama agus gur aontaíodh go mbeadh Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2011 le leagan Samhain / Nollaig.
- Go raibh conradh dar luach €27,500 (bunaithe ar 60 aistritheoir) aontaithe le hAistear le Séala an Aistriúcháin a riar.
- Gur cheadaigh an Bord ag an chruinniú ar 26 Iúil cur chuige agus buiséad le riar a dhéanamh ar an bhunachar náisiúnta téarmaíochta, www.focal.ie agus go raibh na tairiscintí don dá chonradh á measúnú faoi láthair.

Moladh cead a thabhairt don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach na conarthaí a shíniú ar an choinníoll nach ndéanfar aon sárú ar an bhuiséad ceadaithe sa chás go mbíonn an measúnú críochnaithe roimh an chéad chruinniú Boird eile.
Ghlac an Bord leis an mholadh.

- Go raibh measúnú déanta ar na tairiscintí don mhórthaighde. Moladh conradh dar luach nach mó ná €129,000 móide CBL a bhronnadh ar Amárach Research leis an taighde a dhéanamh agus an chéad tuairisc a chur ar fáil. Ghlac an Bord leis an mholadh.
- Go raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur €500,000 ar fáil thar thréimhse 3 bliana (2013-2016) d'Fhoras na Gaeilge le hábhar digiteach a chur ar fáil mar thacaíocht do Séideán Sí. Tá conradh á aontú le Chomhairle Curaclaim Scrúduithe agus Measúnaithe TÉ (CCEA) leis an obair a chur i gcrích.
- Go raibh measúnú déanta ar na tairiscintí do thionscadal margaíochta dírithe ar dhíol leabhar agus chur chun cinn na léitheoireachta. Is é an moladh atá ann ná:

Moladh conradh dar luach €80,000 (CBL san áireamh) a bhronnadh ar The Media Group. Leis an tionscadal margaíochta (Catalóg na Nollag; Gradaim Leabhair na Bliana; ócáidí díolacháin agus margaíocht na Nollag) agus tuairisc a chur ar fáil.
Ghlac an Bord leis an mholadh.

- Go raibh meabhrán tuisceana aontaithe le Gael Linn (GL) agus Conradh na Gaeilge maidir le feidhmiú an chláir GLEO. Is 'Gaelbhratach' a bheidh air as seo amach. Beidh GL ag plé leis na bunscoileanna agus Conradh na Gaeilge ag plé leis na hiarbhunscoileanna. Gur cheadaigh an Cathaoirleach agus é féin athrú buiséid do GL agus an Conradh le ligint don tionscadal toiseacht ag tús na scoilbhliana. Is é atá i gceist ná €25,000 sa bhreis do Ghael-Linn agus €24,948 do Chonradh na Gaeilge. Díolfar an t-airgead seo leo ar bhonn sonraisc.
Thug an Bord faomhadh don athrú buiséid.

- Go raibh T. Sharkey i ndiaidh éirí as mar Chomhalta Boird.
- Go raibh na ranna ag iarraidh dréacht den Phlean Corparáideach agus Plean Gnó 2014 faoi dheireadh na míosa.
-

Thug an Bord cead dréacht a chur chuig na Ranna ach a chur in iúl gur dréacht a bhí ann nach raibh faofa ag an Bhord.

06.117 COMHFHREAGRAS

Nótáil an Bord an comhfhreagras.

07.117 AON GHNÓ EILE

Tugadh le fios go mbeadh D. Davitt ag fágáil a poist ar an 17 Deireadh Fómhair. Ghuígh an Bord gach rath uirthi agus ghabh buíochas as an obair a rinne sí le Foras na Gaeilge.

Tugadh le fios go mbeadh Siompósiam Foclóireachta ar siúl Déardaoin 31 Deireadh Fómhair le linn an Oireachtais, áit a mbeadh an leagan ar líne de na foclóirí: English / Irish (de Bhaldraithe) agus Gaeilge/Béarla (Ó Dónaill) á sheoladh. Tugadh cuireadh don Bhord a bheith i láthair

Ritheadh rún comhbhróin le muintir Mhaidhc Dainín Uí Sé.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
1 Samhain 2013

Aguisín 1

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301061
Ainm an Eagrais: Comhar na Múinteoirí Gaeilge
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2013

Cheadaigh Bord Fhoras na Gaeilge, ag cruinniú dár dáta 27 Meitheamh 2013, deontas nach mó ná €88,276 don tréimhse 01 Iúil 2013 go 31 Nollaig 2013 do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge.

Comhfhreagras

I gcomhfhreagras ón eagraíocht ar an 30 Lúnasa iarradh dhá leasú ar an deontas a ceadaíodh. Iarradh €20,000 a thabhairt isteach sa thréimhse reatha maoinithe ó tréimhse Eanáir go Meitheamh.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Iarradh leasú beag eile ar thuarastal an stiúrthóra agus an t-airgead sin bheith curtha i dtreo tionscadal eile (Cló Beo).

	Ceadaithe € (01 Iúil 2013 go 31 Nollaig 2013)	Leasú Iarrtha 30/08/13
Tuarastail		
Stiúrthóir (<i>Príomhoifigeach Cúnta, Eanáir 2010</i>) Páirtaimseartha		
Feidhmeannach Oifige (<i>Oifigeach Feidhmiúcháin Eanáir 2010</i>)		
Fo-iomlán	40,266	38,889
Costais Reatha		
Taisteal agus cothabháil	6,000	6,000
Costais reatha agus riaracháin	3,000	3,000
Foilsíú agus poiblíocht	1,000	1,000
Táillí Proifisiúnta	0	0
Árachas	1,510	1,510
Trealamh & Athchóiriú	0	0
Fo-iomlán	11,510	11,510
Imeachtaí / Tionscadail		
Príomhghníomhaíocht 1	12,000	12,000
Príomhghníomhaíocht 2	12,500	12,500
Príomhghníomhaíocht 3	10,000	30,000
Príomhghníomhaíocht 4	0	0
Príomhghníomhaíocht 5	0	1,377
Príomhghníomhaíocht 6	2,000	2,000
Príomhghníomhaíocht 7	0	0
Príomhghníomhaíocht 8	0	0
Príomhghníomhaíocht 9	0	0
Fo-iomlán	36,500	57,877

Iomlán	88,276	108,276

Moladh

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir leis an eagraíocht an leas is fearr a bhaint as an deontas agus as an réamhobair atá déanta acu cheana féin.

Cead

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 30 Lúnasa 2013.

Aguisín 2

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301050
Ainm an Eagrais: Raidió na Life
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2013

Ag cruinniú boird ar an 27 Meitheamh 2013 ceadaíodh deontas nach mó ná €109,405 mar bhunmhaoiniú do 2013 do Raidió na Life.

Leasú

Ó Mhéan Fómhair 2012, bhí próiseas idirbheartaíochta curtha sa tsúil ag Bord Raidió na Life i gcomhar le foireann an staisiúin maidir le ceist chalcadh pá na foirne ó 2008 a réiteach agus na rátaí tuarastail a bhunú ar Chiorclán 28/2009 mar atá treoraithe ag Foras na Gaeilge do na heagraíochtaí bunmhaoinithe. Ar feadh an ama sin, bhí sraith cruinnithe ag Cathaoirleach agus Ceannasaí Raidió na Life le feidhmeannaigh an Fhorais agus fuarthas iarratas den chomhshocrú aontaithe, agus é chun sástacht an Fhorais, a chur i bhfeidhm mar phróifíl deontais den tairiscint a rinneadh don tréimhse Iúil go Nollaig 2013.

	€ Údaraithe ag Cruinniú Boird 27/06/13	€ Próifíl Leasaithe an Deontais Iúil-Noll 2013
Tuarastail		
<i>Bainisteoir Stáisiún (OF, Ardsála, Ciorclán 18/2008, Pointe 8)</i>		
<i>Teicneoir (OF, Gnáthscála Ciorclán 18/2008, Pointe 1)</i>		
<i>Clár-Reachtair (OF, Gnáthscála Ciorclán 18/2008, Pointe 4)</i>		
<i>Maor Deireadh Seachtaine (OF, Gnáthscála Ciorclán 18/2008)</i>		
<i>Clúdach Saoire</i>		
	75,112	80,938
Taisteal agus cothabháil	400	400
Costais reatha agus riaracháin (tarchuradóir san áireamh)	22,202	22,202
	22,602	22,602
Imeachtaí / Tionscadail		
Cúrsa Oiliúna QQI/Fetac	9,883	4,057
Infreastruchtúr Digiteach	1,808	1,808
	11,691	5,868

Iomlán	€109,405	€109,405

Mar eolas

Tá tuarastal gach ball foirne de Raidió na Lífe bunaithe ar Chiorclán 28/2009 agus tá an difríocht sa tsoláthar aimsithe taobh istigh de mhórmhéid údaraithe cheana féin. Tá an socrú seo chun sástacht an Fhorais agus beidh iallach ar an eagraíocht cloí le spriocanna sonraithe den chlár oibre ar a raibh an bhuntairsicint bunaithe.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 30/08/13.

Aguisín 3

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301045 & 1301047
Ainm an Eagrais: Conradh na Gaeilge & Seachtain na Gaeilge
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2013

Ag cruinniú boird ar an 27 Meitheamh 2013 ceadaíodh deontas nach mó ná €235,538 mar bhunmhaoiniú do 2013 do Chonradh na Gaeilge & Seachtain na Gaeilge.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 30/07/13 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Chonradh na Gaeilge (mar a ceadaíodh é ar an 27/06/13) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	€ Údaraithe ag Cruinniú Boird 27/06/13	€ Próifíl Leasaithe an Deontais Iúil-Noll 2013
Tuarastail		
<i>Ard-Rúnaí</i>		
<i>(PríomhOifigeach Cúnta, Ciorc. 28/2009, Pointe 6)</i>		
<i>Leas-Ardrúnaí agus Timire Náisiúnta</i>		
<i>(Ard-Oif.Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 9)</i>		
<i>Feidhmeannach Forbartha agus Oifige (Oif. Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 6)</i>		
<i>Feidhmeannach Foilseachán</i>		
<i>(ArdOif. Feidhm., Ciorc.28/2009, Pointe 4)</i>		
<i>Feidhmeannach Airgeadais (Oif. Riar., Ciorc. 28/2009, Pointe 9)</i>		
<i>Fáilteoir (Oif. Cléir., Ciorc.28/2009, Pointe 11)</i>		
<i>Pinsean</i>		
	153,175	153,175
Taisteal agus cothabháil	7,500	7,500
Costais reatha agus riaracháin	12,000	12,000

	19,500	19,500
Imeachtaí / Tionscadail		
Comhdhálacha	3,094	3,094
Bliain na Gaeilge 2013	6,500	6,500
	9,594	9,594
Seachtain na Gaeilge 2012-2013		
Tuarastail		
<i>Bainisteoir (ArdOif. Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 1)</i>		
<i>Oifigeach Riaracháin (Oif. Cléir., Ciorc. 28/2009, Pointe 1)</i>		
Costais reatha	6,101	6,101
Buiséid Imeachtaí dírithe ar (Meáin Chumarsáide, Óige, Pobal, Comhpháirtíocht, Imeachtaí, An Ghaeilge thar Lear)	9,068	10,577
	53,269	53,269
Iomlán	€235,538	€235,538

Mar eolas

Is mar gheall ar fhuílleach, ag eascairt as tréimhse folúntais de phost an Oifigigh Riaracháin le Seachtain na Gaeilge gan ceapúchán, go bhfuil cead á lorg le €1,509 a chaitheamh anois ar an Bhuiséad Phríomhghníomhaíochtaí Sheachtain na Gaeilge. Tá socruithe d'athlíonadh an phoist réidh le cur i bhfeidhm agus soláthraíodh briseadh síos ar an chaiteachas athmheasta.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 26/08/13.

Aguisín 4

Leasú Próifíl

Ceadaíodh deontas mar a leanas ar Chruinniú Boird Mhí na Mheithimh 2012 do Naíscoil Cholmcille faoi Scéim An Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Naíscolaíochta.

Ainm	Cód uimhir	Méid á lorg	Méid molta
Naíscoil Cholmcille	1201152	£76,000	£76,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £76,000 a chur ar fáil do Naíscoil Cholmcille thar na scoilbhlianta 2012/2013 agus 2013/2014. (£22,668 i 2012, £32,000 i 2013 agus £21,332 i 2014). Rinneadh leasú ar an deontas i mí Meán Fómhair 2012 agus is deontas ar luach £71,00 a ceadaíodh.

	Údaraithe ag Cruinniú Boird 29/06/12	Próifíl Deontais Leasaithe MF 2012	Próifíl Buiséid in 2012	Próifíl Buiséid in 2013	Próifíl Buiséid in 2014
Tuarastal	£34,000	£34,000	£5,668	£17,000	£11,332
Trealamh	£12,000	£12,000	£6,000	£6,000	£0
Costais reatha	£10,004	£8,336	£0	£5,000	£3,336
Cíos	£19,996	£16,664	£0	£10,000	£6,664
Iomlán	£76,000	£71,000	£11,668	£38,000	£21,332

Moladh

Moltar an deontas a leasú mar seo a leanas:

	Próifíl Deontais Leasaithe (Údaraithe MF 2012)	Próifíl Buiséid in 2012	Próifíl Buiséid in 2013	Próifíl Buiséid in 2014	Próifíl Buiséid in 2015
Tuarastal	£34,000	£5,668	£5,667	£17,000	£5,665
Trealamh	£12,000	£6,000	£6,000	£0	£0
Costais reatha	£8,336	£0	£1,667	£5,000	£1,667
Cíos	£16,664	£0	£3,333	£10,000	£3,333
Iomlán	£71,000	£11,668	£16,667	£32,000	£10,665

Agus coinníoll molta go mbeidh iníocaíocht sciar 2015 ag brath ar athbhreithniú ar riachtanais le linn 2014.

Miontuairiscí ón 118ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 1 Samhain 2013 ag Oireachtas na Gaeilge, Cill Airne, Co Chiarraí.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, S. Mac Donncha, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin, P. Callaghan agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin.

01.118 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl gur fógraíodh an léiriú suime maidir le roghnú na gceanneagraíochtaí agus go bhfuarthas 15 léiriú suime ina iomláine. Cuireadh in iúl go raibh leasú le déanamh ar na miontuairiscí Boird ó 28 Meitheamh 2013, gur ceadaiódh deontas do ‘Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe’ ach gur ‘Cumann Scoildrámaíochta’ ainm oifigiúil an tionscadail. Ghlac an Bord leis an leasú sin. Cuireadh in iúl go ndearnadh píolótú ar an cheistneoir don mhórthaighde agus go raibh tús curtha leis an taighde féin.

02.118 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS

Coiste na nDeontas

D’fhág T. Ruane agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Cuireadh in iúl go raibh na measúnuithe déanta ar na hiarratais don Scéim Phobail Ghaeilge 2014-2016 ach nach féidir dul ar aghaidh leis an scéim mar a bhí beartaithe agus go raibh síneadh bliana le tabhairt do na grúpaí reatha toisc go raibh comhairliúchán poiblí le déanamh de thairbhe na n-athruithe a rinneadh ar an scéim féin. Cuireadh in iúl go ndéanfaí an scéim a athfhógairt san athbhliain. Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh bliana a thabhairt do na grúpaí reatha.

D’fhill T. Ruane agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

Ghlac an Bord leis na critéir agus treoirlínte don Chiste Chúram Iarscoile sa Phobal (Aguisín 1).

Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go mbeadh tuairisc ar an cheardlann le David Nicholl, Onboard Training and Consultancy, le scaipeadh ar an Bhord go luath. Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú le déanamh ar na coistí éagsúla agus go gcuirfí cáipéisíocht maidir leis an athbhreithniú agus oiliúint faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile.

Cuireadh in iúl gur sáraíodh na rialacha maidir leis an chomórtas do thairiscintí do chonradh www.focal.ie agus go gcaithfí na comórtais a reáchtáil arís.

Cuireadh in iúl go dtiocfadh le deacrachtaí a bheith ann leis na ceardchumainn maidir leis na moltaí don Scéim Pinsean Thuaidh Theas.

D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa

Bhí plé ar eagraíocht bhunmhaoinithe a sháraigh coinníollacha an deontais. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú le Cathaoirleach Bhord Stiúrtha na heagraíochta ó shin, nár íocadh aon airgead leo ó tháinig an scéal chun solais, go raibh suim €42,355 le baint díbh agus go raibh na céimeanna cuí á dtógáil acu anois le go n-íocfaí an méid eile den deontas leo dá réir. Aontaíodh go gcaithfí dearbhú scríofa a fháil ó Bhord na heagraíochta go bhfuil na neamhrialtachtaí ina gcóras rialachais chorpáraidigh curtha ina gceart. Léiríodh inné faoi bhall foirne de chuid na heagraíochta bheith mar bhall de Choiste Boird ag an eagraíocht. Cuireadh in iúl go raibh an tIníúcháir Inmheánach ag amharc ar chórais inmheánacha Fhoras na Gaeilge agus ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe eile.

D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín ag an phointe seo.

Coiste Iniúchta

Scaipeadh cóip den chlár rioscaí ar an Bhord agus bhí plé ina leith. Pléadh an riosca maidir le feidhmiú Cholmcille agus aontaíodh go gcaithfí scríobh chuig na hAirí chun plé a dhéanamh faoi thodhchaí Cholmcille. Aontaíodh go mbeadh Colmcille mar mhír sheasta ar chlár na gCruinnithe Boird go dtí go socrófar na deacrachtaí. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Cuireadh in iúl gur pléadh moladh maidir le fiacha agus creidiúnaithe san Áis. Glacadh leis an mholadh. Aontaíodh go ndéanfaí díscríobh ar na fiacha faoi bhun €20 agus go ndéanfaí anailís ar na fiacha eile agus go leagfaí síos polasaí fiacha agus creidmheasa. Thug an Bord cead don Choiste Iniúchta aon díscríobh a bheadh le déanamh ar fiacha san Áis a cheadú sna cuntais do 2013 sula gcuirfí chuig an ARC&C iad agus tuairisciú don Bhord ina leith.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Mhol an Coiste go reáchtáilfidh Foras na Gaeilge comórtas oscailte poiblí ar mhaithe le deontas i gcabhair de shuim nach mó ná €1.2m thar 4 bliana.

Bhí plé ar an mholadh maidir le nuachtán seachtainiúil Gaeilge ar líne amháin. Léiríodh inné faoin tsuim airgid toisc costas mór a bheith i gceist sa chéad bhliain agus aontaíodh go dtiocfadh €50,000 breise a chur ar fáil don chéad bhliain leis an suíomh a dhearadh. Ghlac an Bord leis an mholadh móide an tsuim bhreise don chéad bhliain.

Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh 7 n-eagrán a chur leis an chonradh le NÓSmag ar chostas £3,000 an t-eagrán.

Aontaíodh go mbeadh an maoiniú do na hirisí / foilseacháin uilig san áireamh nuair a bheadh athbhreithniú le déanamh ar mhaoiniú irisí ag tús 2014.

Coiste an Fhoclóra

Scaipeadh cóip den achoimre thréimhsiúil ar an Bhord mar eolas agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh bliana a thabhairt don chomhaontú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Gabhadh buíochas le foireann an fhoclóra agus le gach duine a bhí páirteach sa siompóisiam foclóireachta agus an seoladh oifigiúil de na leaganacha ar líne d'Fhoclóir de Bhaldrathe agus d'Fhoclóir Uí Dhónaill ar 31 Deireadh Fómhair.

Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge

Aontaíodh go gcuirfí dréacht den chomhairliúchán ar an Straitéis Léitheoireachta faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú mhí na Nollag.

Ghlac an Bord le hainmniúchán D. Davitt mar bhall de Choiste Chlár na Leabhar Gaeilge.

03.118 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEÁN FÓMHAIR 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Tháinig an Clárghainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí na Nollag.

Cuireadh in iúl go ndéanfaí iarracht an ráiteas caiteachais a shimpliú feasta agus go dtiocfadh moladh faoi bhráid an Bhoird ina leith ag an chéad chruinniú eile.

Ghlac an Bord leis an rún maidir le treoir bainc. **D'fhág an Clárghainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú ag an phointe seo.**

04.118 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.118 PLEAN GNÓ 2014 AGUS PLEAN CORPARÁIDEACH 2014-2016

Cuireadh in iúl gur aontaigh an Bord ar an chur chuige a leanas maidir leis na Pleananna Gnó agus Corparáideach:

1. Dréacht ag an Bhord mar eolas,
2. Deis ag an Bhord aiseolas a chur ar fáil,
3. Plé ag an Bhord ag an chéad chruinniú eile.

Iarradh ar an Bhord aon mholtaí ar an dá phlean a chur ar fáil i scríbhinn don Phríomhfheidhmeannach faoin 12 Samhain 2013 agus go bpléifí arís iad ag an chruinniú Boird i mí na Nollag.

06.118 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh clár ama aontaithe maidir leis an phróiseas don chuíchóiriú.
- Gur rith Foras na Gaeilge comórtas ar eTenders le soláthróir seirbhísí tacaíocht teicniúil a aimsiú. Tá an conradh leis an soláthróir reatha istigh ag deireadh na bliana.

Moltar conradh trí bliana a bhronnadh ar Optinet ó 01.01.2014. Costas na Seirbhíse ná €35,600 gan CBL, €8,188 CBL, €43,788 CBL san áireamh

- Go mbronnfadh Uachtarán na hÉireann na duaiseanna do Leabhair na Bliana ar 13 Samhain ag Gailearáí Náisiúnta na nGriangraf.
- Go raibh an scrúdú le haghaidh Séala an Aistriúcháin socraithe don 07 Nollaig.
- Go raibh an tionscadal margaíochta dírithe ar dhíol leabhar agus chur chun cinn na léitheoireachta ar siúl faoi láthair.
- Go mbeadh tairiscintí á lorg i mí Dheireadh an Fhómhair le haghaidh Shuíomh Idirlín Líofo.

- Go raibh an Polasaí Comhionannais don Fhoras Teanga críochnaithe agus le plé ag cruinniú den Fhoras Teanga 12 Nollaig i mBéal Feirste.

Bhí plé ar chúrsaí foirne agus riachtanais reatha.

07.118 MOLADH MAIDIR LE DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE BOIRD I 2014

Pléadh na dátaí le haghaidh cruinnithe in 2014 agus aontaíodh go ndéanfaí roinnt dátaí a leasú agus go scaipfí an leagan leasaithe ar an Bhord ar ríomhphost.

08.118 COMHFHREAGRAS

Bhí plé ar chomhfhreagras ó fhoilsitheoir a léirigh buaireamh faoi rúndacht bhallraíocht Choiste Chlar na Leabhar Gaeilge. Aontaíodh go gcuirfí freagra ar an litir le cur chuige an Bhoird ina leith seo a mhíniú.

09.118 AON GHNÓ EILE

Aontaíodh go gcuirfí litir bhuíochais chuig T. Sharkey as feidhmiú ar Bhord Fhoras na Gaeilge.

Rinne an Bord comhghairdeas le C. Ní Shúilleabháin ar saolaíodh mac di le gairid.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
13 Nollaig 2013



Foras na Gaeilge

An Ciste Chúram Iarscoile sa Phobal

Critéir agus Treoirínte

Criteria and Guidelines

7 Cearnóg Mhuirfean BÁC 2
7 Merrion Square, Dublin 2
T: +353 1 639 8400

Teach an Gheata Thiar / *Westgate House,*
2-4 Sráid na Banríona / *2-4 Queen St*
Béal Feirste BT1 6ED / *Belfast BT1 6ED*
T: (028) 90890970 (T.É)

TREOIR GUIDE

- Léitear go cúramach an réamheolas maidir le critéir mhaoinithe agus tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge sula dtugtar faoin iarratas a chomhlánú.
The information notes about Foras na Gaeilge's funding criteria and priorities should be read carefully before attempting to complete the application.
- Cuirtear ainm agus seoladh an eagrais/iarratasóra ar gach leathanach breise nach cuid den fhoirm iarratais é.
The name and address of the organisation/applicant should be written on each additional page which is not part of the application form.
- Coinnítear cóip den iarratas.
A copy of the application should be kept.
- Beidh oifigigh Fhoras na Gaeilge sásta aon cheist atá agat maidir leis an fhoirm iarratais a fhreagairt.
Foras na Gaeilge's officers will be happy to answer any question you have regarding the application form.
- Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge chun luach airgid gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.
Grants are awarded from public money and Foras na Gaeilge has statutory obligations to assure the value for money of each funded project.

Is leis an fhoirm seo amháin a ghlacfar le hiarratais ar mhaoiniú.
Applications for funding will be accepted only on this form

NÍ MÓR CÓIP CHRUA SHÍNITHE A CHUR CHUIG:
A SIGNED HARD COPY MUST BE SENT TO:

An Ciste Infheistíochta Chúram Iarscoile sa Phobal
Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Croíchritéir Mhaoinithe
Main Funding Criteria

1. Ní mór a léiriú go bhfuil cumas agus struchtúr ceart bainistíochta i mbun an tionscadail.
It must be shown that there is proper managerial capability and a proper managerial structure for the project.
2. Ní mór cuntas bainc, in ainm an eagrais/choiste agus faoi stiúir Coiste nó Boird, más cuí, a bheith ag aon eagrais/iarratasóir atá ag lorg deontais.
Any organisation/applicant seeking a grant must have a bank account in the name of that organisation/applicant and under the control of a Committee or Board, if applicable.
3. Ní mór tuarastail/costais srl., atá á n-foc ag eagrais atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge a bheith aontaithe le Foras na Gaeilge.
The salaries/costs etc being paid by organisations funded by Foras na Gaeilge must be agreed with Foras na Gaeilge.
4. Ní mór Foras na Gaeilge a bheith luaite in aon phoiblíocht a dhéanfar faoin tionscadal.
Foras na Gaeilge must be mentioned in any publicity about the project.
5. Ní mór lógó Fhoras na Gaeilge a bheith le feiceáil ar aon phoiblíocht, fhoilseachán nó pháipéarachas sainchlóite a bhaineann le heagrais atá á mhaoiniú ag an Fhoras.
Foras na Gaeilge's logo must be seen on any publicity material, publication or headed paper concerning an organisation being funded by Foras.
6. Moltar d'iarratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí.
Applicants are advised to seek co-funding for projects, when appropriate.
7. Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas a tharlaíonn roimh cheadú an deontais. Ní focfar aon deontas go siarghabhálach.
Foras na Gaeilge will not fund any expenditure not previously sanctioned. No grant will be paid retrospectively.
8. Cealófar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon Chomhalta Boird nó fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.
Any grant application for which canvassing of any Board member or member of staff of Foras na Gaeilge has been carried out will be rescinded.
9. Ní íocfaidh Foras na Gaeilge aon deontas i leith tionscadail atá cheana féin á mhaoiniú ag eagrais eile stáit, go háirithe Údarás na Gaeltachta nó an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta nó an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ach amháin sa chás go bhfuil comhthuiscint mhaoinithe aontaithe roimh ré leis na príomhfhoinsí stáit eile.
Foras na Gaeilge will not pay a grant for any project which is already being funded by other state bodies, especially Údarás na Gaeltachta, the Department

of Arts, Heritage and the Gaeltacht or the Department of Culture, Arts and Leisure except where a common understanding regarding funding has previously been agreed with the other main state sources.

10. Ní íocfaidh Foras na Gaeilge aon deontas i leith costas caipitil.
Foras na Gaeilge will not pay a grant for any capital costs.

Critéir Mhaoinithe na Scéime **Funding Scheme Criteria**

1. Tá an soláthar cúram iarscoile seo bunaithe ar thionscadal an naíscail/naíonra áitiúil le tacaíocht ón ghaelscoil chun cúram iarscoile trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don phobal áitiúil.
This afterschool care provision is based on a naíscail/playgroup project with the support of the local gaelscoil(s) and, to provide afterschool care through the medium of Irish to the local community.
2. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh toradh fadtéarmach ar an infheistíocht (tríd an tionscadal bheith ceangailte le gaelscoil(eanna) agus le himeachtaí eile sa phobail leis an teanga a neartú go háitiúil);
Evidence must be provided to show that there will be a long term result for the investment (that the provision is linked to an all-Irish primary school(s) and linked to activities in the community to strengthen the language);
3. Ní mór a léiriú, trí phlean aschur teanga* a sholáthar go bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, agus go bhfuil na pleananna sin á gcomhtháthú le pleananna foras agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt na Gaeilge agus na gaelscolaíochta sa cheantar;
Ní mór na nithe seo a leanas a lua;
 - Misean ráiteas/Fís an eagrais.
 - Cuspóirí an eagrais
 - Aidhmeanna an eagrais
 - Plean gníomhaíochta
 - Plean inbhuanaitheachta don tionscadal i ndiaidh an tréimhse mhaoinithe.
 - Torthaí inmhianaithe
 - Achoimre.

*ní cheart níos mó ná 1,000 focal a bheidh ann.

Evidence must be provided in the form of a language output plan* to show that the application for funding is linked with medium and long term plans for the development of Irish medium education and the Irish language in the area, or is supporting a pre-existing project, and that those plans are integrated with the plans of other agencies and organisations that are involved in the development of the Irish language and Irish medium education in the area;

The following information should be included in the language output plan;

- The organisation's Mission Statement/ Vision
- The organisation's objectives
- The organisation's aims
- Action plan
- Sustainability plan for the project after the period of funding.
- Desirable results
- Summary of the plan

*the plan should be no more than 1,000 words.

4. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil pleananna ann le caighdeán an tsoláthair iarscoile a fheabhsú, mar aon le polasaí lena fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach agus tiomantas leis sin a chur i gcrích;
Evidence must be provided to show that plans exist to improve the standard of the afterschool provision, including a policy to develop and improve it on a continuing basis and a commitment to implementing the policy;
5. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh socruithe ann le caighdeán Gaeilge na foirne a chinntiú agus a fhorbairt go leanúnach mar shampla, go rachadh na baill foirne i ngleic leis an gcóras TEG.
Evidence must be provided to show that arrangements will be in place to ensure the standard of Irish of staff and its development on a continual basis e.g. that staff members would engage with the TEG system.
6. Ní mór a léiriú go gcuirfidh na forais chuí tacaíochta cuidiú ar fáil don soláthar cúram iarscoile le linn na staideanna éagsúla d'fhorbairt an tsoláthair, trí litir dhearbhaithe tacaíochta ó fhorais chuí tacaíochta;
It must be shown that the relevant support agencies will provide help to the afterschool care provision through the various stages of development of the provision by furnishing a letter confirming support from the relevant support agencies.
7. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil tuiscint mhaith ar chritéir na n-údarás cuí dearbhaithe caighdeán, agus go mbeidh an soláthar ag cloí go dlúth le gach coinníoll, coinníollacha cumhdaigh leanaí san áireamh.
Evidence must be provided to show that there is a good understanding of the quality assurance criteria of the relevant authorities, and that the provision will strictly adhere to each condition, including conditions regarding safeguarding children.
8. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go gcaithfear an maoiniú go héifeachtach;
Evidence must be provided to show that the funding will be spent effectively.
9. Is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú do na nithe seo a leanas:
 - Tuarastal (Uasmhéid €9,500)
 - Trealamh (Uasmhéid €3,000)
 - Cíos (Uasmhéid €3,800)
 - Costas Reatha (Uasmhéid €3,800)

Foras na Gaeilge may, based on application, fund the following costs;

- Salary (Maximum €9,500)

- Equipment (Maximum €3,000)
- Rent (Maximum €3,800)
- Running costs (Maximum €3,800)

10. Deontas aon uaire is é an deontas seo ní mór sa phlean aschur teanga, trí fianaise a chur ar fáil faoi inbhuanaitheacht an tionscadail i ndiaidh an tréimhse mhaoinithe.

This is a one off grant; you should give evidence in the language output plan about the sustainability of the project after the funding period.

11. Caithfear ar a laghad ochtar páiste a bheith ag freastal ar an tionscadal.
There must be a minimum of eight children attending the project.

Láimhseáil iarratas ar dheontas

Management of grant applications

- Is ar Fhoirm Iarratais Fhoras na Gaeilge **amháin** a ghlacfar le hiarratais. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomlán, gach ceist a fhreagairt agus aon eolas eile a iarrtar san fhoirm a sholáthar (*féach 'Seicliosta'*).
Applications will **only** be accepted on Foras na Gaeilge's application form. This form must be completed in totality, each question must be answered and any other information requested on the form must be provided (see "Check list").
- Cuirfidh an stiúrthóir/bhainisteoir/oifigeach a bheidh freagrach as plé leis an iarratas admháil chugat.
The director/manager/officer responsible for dealing with the application will send you a receipt.
- Déanfar méasúnú ar gach iarratas bunaithe ar an eolas a thugtar ar an fhoirm iarratais. Ag éirí as an mheasúnú seo is féidir go n-iarrfar eolas breise.
Each application will be assessed in accordance with the information provided on the application form. As a result of this assessment further information may be requested.
- Cuirfear ar ceal aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.
Any applicant providing incorrect information will be disqualified.

Íocaíocht agus Monatóireacht

Payment and Monitoring

1. Is é Bord Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú. Is iad Foireann Bhainistíochta agus Feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.
The Board of Foras na Gaeilge is responsible for each decision on each project to be funded. The Management and Executives of Foras na Gaeilge will carry out each funding decision.
2. Déanfar gach maoiniú ó Fhoras na Gaeilge ar chomhaontú de mhodh conartha dlíthiúil agus ní mór cloí leis na coinníollacha a leagfar síos sa chonradh sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú/a aisghairm sa chás go sárófar aon cheann de na coinníollacha.
All Foras na Gaeilge funding will be in the form of a legal contract and the conditions laid down in that contract must be adhered to. Part or all of the grant may be rescinded/recalled if any of the conditions are infringed on.
3. Déanfar an maoiniú a cheadófar faoin fhoirm iarratais seo a íoc de réir mar a aontófar. Más i sciaranna a íocfar an deontas, ní mór iarratas a dhéanamh ar íocaíocht gach sciar laistigh den tréimhse chomhaontaithe.
Funding sanctioned under this application form will be paid as shall be agreed. If the grant is paid in instalments, application for each instalment must be made within the agreed time.
4. Déanfaidh Foras na Gaeilge féin, nó a ghníomhairí, monatóireacht ar gach tionscadal ar gach leibhéal – airgeadas, cur i bhfeidhm, dul chun cinn srl.
Foras na Gaeilge, itself, or its agents will monitor each project at every level – finance, operation, progress etc.
5. Is féidir go dtabharfaidh Foras na Gaeilge, a chuid oifigeach agus/nó gníomhairí, cuairteanna ar thionscadal ag aon tráth le linn na tréimhse maoinithe.
Foras na Gaeilge, its officers and/or agents may visit a project at any time during the funding period.
6. Tá sé de chead ag Foras na Gaeilge tuairisc a iarraidh faoi spriocanna a bhaineann le caiteachas agus le torthaí oibre ag aon tráth ar bith. Ní mór í seo a sholáthar taobh istigh de thréimhse chomhaontaithe.
Foras na Gaeilge can, at any time, ask for a report on targets concerning expenditure and the results of work. This must be provided within an agreed period.
7. Ní mór deimhniú imréitigh chánach reatha a chur ar fáil, más cuí.
A current tax clearance certificate must be provided, if applicable.
8. Ní mór cuntais iniúchta a sholáthar, más cuí, ag deireadh gach bliana.
Audited accounts must be provided, if applicable, at the end of each year.
9. Is mian le Foras na Gaeilge a chur in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh sé tarlú go ndéanfar an t-eolas a sholáthrófar in aon fhoirm iarratais a chur ar fáil faoi réir dhualgas An Fhorais faoin chód chleachtais do na Comhlachtaí

Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland maidir le Saoráil Faisnéise a tháinig i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2006.

Foras na Gaeilge wishes to make applicants aware that it could happen, under Foras' obligations in accordance with the Code of Practice for the North/South Implementation Bodies and Tourism Ireland regarding Freedom of Information which came into force on 1 February 2006, that information provided on an application form could be made available.

10. Is féidir go ndéanfaidh Foras na Gaeilge teagmháil le ranna Rialtais agus maoinitheoirí eile le hiarratais a phlé.

Foras na Gaeilge may contact Government departments and other funders, north and south, to discuss applications.

Critéir Roghnaithe

Selection Criteria

Roghnófar (sa chéad bhliain den chiste / mar scéim phiolótach) an soláthar bunaithe ar na ceantracha seo a leanas:

The provision will be selected (in the first year of the fund / as a pilot scheme) on the following areas:

- Líonraí Gaeilge. Irish Language networks.
- Bailte seirbhíse Gaeltachta. Gaeltacht service towns
- Ceantracha faoi mhíbhuntáiste. Disadvantaged areas.

Ní mór meastacháin neamhspleácha ar pháipéar sainchlóite a chur ar fáil do gach iarratas ar earra/ábhar/sheirbhís mar seo a leanas:

- Suas go £1,000/€1,500 – 2 Thairiscint bhéil,
- £1,000/€1,500 go £10,000/€15,000 – 3 Thairiscint Roghnaithe,
- £10,000/€15,000 go £30,000/€45,000 – 4 Thairiscint roghnaithe,
- Os cionn £30,000/€45,000 – Fógraithe go poiblí nó comórtas tairgthe teoranta.

Quotations must be supplied for every application for goods/equipment/service as follows:

- up to £1,000/ €1,500– 2 verbal quotations
- £1,000/€1,500 go £10,000/€15,000 – 3 Selected Tenders
- £10,000/€15,000 to £30,000/€45,000 – 4 Selected Tenders
- Above £30,000/€45,000 – publicly advertised or limited tender competition.

Aislinn Ní Chéadéir

Miontuairiscí ón 119ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 13 Nollaig 2013 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, B. Ní Chonghóile, A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, S. Mac Donncha agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin, P. Callaghan, C. Cavanagh agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: M. Ó Ríordáin.

01.119 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go mbeadh an straitéis léitheoireachta faoi bhráid an Bhoird san athbhliain. Cuireadh in iúl gur tharla an scrúdú le haghaidh séala an aistriúcháin Dé Sathairn 7 Nollaig 2013 agus go mbeadh scrúdú eile le déanamh san athbhliain ag na haistritheoirí atá creidiúnaithe cheana.

Aontaíodh go n-athrófaí ord an chlár le go ndéanfaí bunmhaoiniú na n-eagras do 2014 a phlé ag deireadh an chruinnithe.

02.119 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste an nDeontas

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £108,837 a cheadú do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar mhaoiniú don bhliain 2014

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Cultúrlann McAdam Fiaich	1301165	£118,465	£108,837

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £134,153.30 a cheadú don Ghaeláras mar mhaoiniú don bhliain 2014

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
An Gaeláras	1301166	£206,431	£134,153.30

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €19,290 a cheadú do FEASTA don tréimhse 01 Eanáir go 30 Meitheamh 2014

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
FEASTA	1301168	€20,000	€19,290

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £8,127 a cheadú do An tUltach don tréimhse 01 Eanáir go 30 Meitheamh 2014

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
An tUltach	1301169	£8,554	£8,127

Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh ama sé mhí (Eanáir go Meitheamh 2014) a cheadú d'Oideas Gael leis an iris ar líne Beo.ie a fhoilsiú faoi choinníollacha an chonartha reatha le huasmhéid de €35,000 don tréimhse.

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Beo.ie	1301170	€35,000	€35,000

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le bunmhaoiniú POBAL (**Aguisín 1**), don nóta eolais maidir le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich 2013 (**Aguisín 2**) agus don nóta eolais maidir le Scéim na n-Imeachtaí Óige 2013/2014 (**Aguisín 3**).

Thug an Bord faomhadh do na suimeanna a bhí le ceadú do 2014 don Scéim Phobail Ghaeilge (**Aguisín 4**).

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha amuigh tinn fós ach go rabhthas ag plé leis an Roinn chun duine a fhostú ar chonradh gairid chun tacaíocht a chur ar fáil don Stiúrthóireacht sin. Cuireadh in iúl go raibh barántas i scríbhinn le tabhairt ag an Chathaoirleach don Roinn maidir le feidhmiú an Fhorais agus go gcuirfí san áireamh sa bharántas sin go raibh riosca ann don eagraíocht toisc an Stiúrthóir bheith amuigh tinn.

Ardaíodh ceist faoin léas do 7 Cearnóg Mhuirfean a bheadh istigh in 2015 agus aontaíodh go n-ullmhódh an Príomhfheidhmeannach páipéar i leith na léasanna do gach oifig don chruinniú Boird i mí an Mhárta.

Cuireadh in iúl go gcuirfí fócasghrúpaí le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach coiste Boird agus go mbeadh triúr chomhalta ar na fócasghrúpaí sin, comhaltaí nach raibh aon bhaint acu leis an choiste a bheadh faoi athbhreithniú.

Ardaíodh ceist faoi 'top-ups' agus dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach nach raibh aon chomhalta Boird ná aon bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge ag fáil aon íocaíocht nach raibh ag teacht leis na rátaí ceadaithe ag na Ranna Urraíochta.

Coiste Nuachtán agus Irisí

Scaipeadh anailís ar thorthaí an tsuirbhé phobail agus ar mholtaí ón tsraith fócasghrúpaí agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl gur fógraíodh an Nuachtán Seachtainiúil Gaeilge ar líne an lá roimhe. Ardaíodh ceist ar cheart ball Boird nua a ainmniú ar an Choiste Nuachtán agus Irisí toisc T. Sharkey bheith éirithe as. Moladh S. Mac Donncha mar bhall nua agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin.

Pléadh úinéireacht chartlann na nuachtán a mhaoinigh Foras na Gaeilge agus aontaíodh gur chóir aird a dhíriú ar an cheist seo in aon chonradh a bheimis a aontú feasta.

Gabhadh buíochas leis an Choiste uilig as an obair ar fad go dáta.

Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh 13 aighneacht faighte le bheith mar cheanneagraíocht sna mór-réimsí agus go raibh na measúnuithe á ndéanamh ar na haighneachtaí sin faoi láthair. Cuireadh in iúl go mbeadh na hagallaimh ann i mí Eanáir agus go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird ina leith ag an chruinniú Boird ar 17 Eanáir 2014.

Gabhadh buíochas leis an Choiste agus leis an fhoireann as an obair ar fad go dáta.

Coiste na Gaeilge

Cuireadh in iúl go mbeadh an seoladh Líofo ann i mí an Mhárta i dTeach Laighean ag tús Sheachtain na Gaeilge 2014.

03.119 PLEAN GNÓ 2014 AGUS PLEAN CORPARÁIDEACH 2014-2016

Pléadh Plean Gnó 2014 agus aontaíodh ar roinnt mionathruithe. Ghlac an Bord le Plean Gnó 2014.

Pléadh an Plean Corparáideach 2014-2016 agus aontaíodh ar roinnt mionathruithe. Ghlac an Bord le Plean Corparáideach 2014-2016.

Aontaíodh go gcuirfí aon mholtaí breise i leith an dá phlean chuig an Phríomhfheidhmeannach.

04.119 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2013 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2013

Tháinig an Clárghainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an nasc físhomhdhála ó Bhaile Átha Cliath agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais.

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Eanáir 2014. D'fhág an Clárghainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

05.119 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

06.119 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú CATT ann ar 20 Samhain agus ní raibh aontú idir na ranna maidir le buiséad 2013 ná buiséad 2014 agus dá thairbhe sin níor ghlac siad le Plean Gnó 2013.
- Gur thairg Fiontar síneadh dhá mhí, go deireadh mhí na Bealtaine, ar an chonradh óstála le haghaidh www.focal.ie ar chostas de €13,610. Phléigh an Cathaoirleach agus é féin an moladh agus d'aontaigh siad an síneadh a cheadú le cinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag an phobal ar focal.ie.
- Go raibh an dá chonradh maidir le focal.ie fógartha arís.
- Gur aontaigh an Cathaoirleach agus é féin conradh dar luach €2,091 (CBL san áireamh) leis an Media Group leis an feachtas raidió a riar. Is é an costas iomlán ná €80,000.
- Go raibh an tairiscint don chomhairleoir um bainistiú athraithe fógartha agus 13.00 ar 13 Nollaig an sprioc.
- Go ndéanfar uasdátú eile ar www.focloir.ie ar 18 Nollaig. Beidh breis agus 50,000 aonad céille ar an suíomh ansin.
- Go raibh seomra boird an Údaráis ar fáil do chruinniú Mheán Fómhair.
- Go mbeadh tairiscintí á lorg le staidreamh scóip a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil don Ghaeilge ar an Idirlíon mar ullmhúchán don suíomh tairsí.
- Go raibh E-Celtic ceaptha le tabhairt faoi dhearadh an tsuímh Idirlín le haghaidh Líofo.
- Go mbeadh ionadaí de chuid REOG páirteach ar Chomhchoiste Stiúrtha Líofo.

- Go raibh tairiscint faighte ag Foras na Gaeilge ó Ghaelchultúr go gcuirfidh siad suas le 10,000 ceadúnas úsáideora ar fáil ar chostas €20,000 sa bhliain do dhaoine a chláródh le Líofo go dtí go mbeidh córas fadtéarmach foghlama ar fáil d'úsáideoirí.

Moladh €20,000 a dhíol le Gaelchultúr ar bhonn conartha agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

- Go raibh tairiscintí faighte le haghaidh feachtas fógraíochta do Líofo ar chlár fógraí taobh amuigh le linn 2014.
- Go raibh an litir thairisceana maidir leis an mhaoiniú suas go £60,000 le suíomh Líofo a fhorbairt tagtha ón RCEF. Íocfar an maoiniú ar bhonn admhála.

Díscríobh ar dhrochfhiacha san Áis.

Ag an cruinniú Boird deireanach glacadh le moladh le tabhairt faoi dhíscríobh a dhéanamh ar drochfhiacha san Áis ar bhonn céimnithe. Aontaíodh go dtabharfaí faoi chéim a haon den phróiseas sin roimh deireadh na bliana.

Moltar, i gcéim a haon, díscríobh a dhéanamh ar na féichiúnaithe agus na creidiúnaithe a bhfuil níos lú ná €20 ag seasamh amach ar a gcuntas le ceithre mhí nó níos mó. Tá anailís déanta againn ar Mhór-Leabhar na bhFéichiúnaithe Aoisithe ag 30/11/2013. De réir na hainlíse sin titeann 37 chuntas ar fad isteach sa chatagóir seo. Seo a leanas liosta de na cuntais atá i gceist. Is suimeanna beaga atá i gceist ach beidh seo go mór ina chabhair dúinn agus muid ag iarradh aghaidh a thabhairt ar cheist na ndrochfhiacha.

Uimhir Chuntais	Ag seasamh amach
A0202	-8.66
A0633	-6.00
A0236	-4.54
A0705	-3.50
A0116	-2.52
A0134	-2.00
A1723	-0.20
A1625	-0.18
A1125	-0.15
A1108	-0.09
A2435	-0.02
A0201	-0.01
A0369	-0.01
A2030	-0.01
A2404	-0.01
A0364	0.01
A0816	0.01
A1129	0.01
A2201	0.01

Uimhir Chuntais	Ag seasamh amach
A1423	0.03
A0504	0.05
A1113	0.05
A0703	0.06
A2144	0.14
A0632	0.16
A2036	0.54
A2801	0.75
A0831	0.88
A0381	0.89
A1317	1.90
A0532	2.90
A0526	9.91
A0133	10.92
A1662	11.67
A1302	13.00
A1118	14.83
A1313	14.84

Moltar mar sin díscríobh a dhéanamh ar na méideanna thuasluaite, Iomlán €55.66. Ghlac an Bord leis an mholadh díscríobh a dhéanamh ar fhiacha Áis faoi bhun €20.

07.119 COLCMCILLE

Nótáladh an comhfhreagras ón Aire Ní Chuilín maidir le Colmcille.

08.119 CÁIPEISÍOCHT MAIDIR LE COISTÍ FHORAS NA GAEILGE AGUS CÚRSAÍ OILIÚNA

Cuireadh in iúl gur leasaigh an Coiste Osradhairc an cháipéis maidir le measúnú ar an Bhord agus go scaipfí an leagan leasaithe ar na comhaltaí an tseachtain seo chugainn trí Survey Monkey.

09.119 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras.

02.119 Coiste na nDeontas (ar lean)

D'fhág E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín an cruinniú ag an phointe seo mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.

Bhí plé ar na hiarratais bhunmhaoinithe. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le bunmhaoiniú don tréimhse 01 Eanáir go 30 Meitheamh 2014 mar seo a leanas:

Eagraíocht	Méid iarrtha	Méid molta
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	€108,874	€108,874
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	€302,659	€230,448
Oireachtas na Gaeilge	€259,297	€209,017
Glór na nGael	€277,267	€270,266
Raidió na Life	€128,761	€122,425
Conradh na Gaeilge (agus Seachtain na Gaeilge)	€235,537	€235,537
Raidió Fáilte	£50,382	£50,382
POBAL	£107,236	£95,685.11
Forbairt Feirste	£54,150	£54,150
Comhaltas Uladh	£33,014	£28,350
Iontaobhas Ultach	£	£
Altram	£80,146	£80,145
FNT	€497,362	€110,437
An t-Áisaonad	£141,921	£141,921
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	€113,406	€74,406
Comhluadar	€104,663	€104,663
Cumann na bhFiann	€264,229	€229,938
Gaelscoileanna	€205,634	€204,643
Gael Linn	€367,907	€363,420

10.119 AON GHNÓ EILE

Pléadh éirí as an Choimisinéara Teanga agus aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach litir bhuíochais chuige ar son an Bhoird. Aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach litir chuig an Aire ó dheas ag iarraidh a chinntiú go líonfaí post an Choimisinéara Teanga go luath.

Cuireadh in iúl go raibh ‘scheme of delegation’ ullmhaithe ag David Nicholl ó On Board Training don Ghradam Sármhaitheasa agus go scaipfí an leagan Gaeilge ar an Bhord go luath.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
17 Eanáir 2014

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301048
Ainm an Eagrais: Pobal
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2013

Ag cruinniú boird ar an 27 Meitheamh 2013 ceadaíodh deontas nach mó ná £90,796 mar bhunmhaoiniú do 2013 do Pobal.

Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 01/10/13 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Pobal (mar a ceadaíodh é ar an 27/06/13) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	£ (Iúil – Noll. 2013)	£ Próifíle leasaithe an Deontais
Tuarastail Príomhfheidhmeannach (<i>NJC PO8, Pointe 54</i>) Oifigeach Forbartha (<i>SO 193, Pointe 4</i>) Oifigeach Forbartha (<i>SO 193, Pointe 4 – post-roinnt</i>) Oifigeach Forbartha (<i>SO 193, Pointe 4 – post-roinnt</i>)		
Oif. Airgeadais, Pears. & Riar. (<i>EOII 289, Pointe 1</i>) Oif. Airgeadais, Pears. & Riar. (<i>EOII 289, Pointe 1 – post-roinnt</i>) <i>i</i> Oif. Airgeadais, Pears. & Riar. (<i>EOII 289, Pointe 1 – post-roinnt</i>) <i>ii</i>		
	£78,253.00	£78,026.08
Costais reatha agus riaracháin	£10,543.00	£10,543.00
Traenáil do na hoifigigh (OARP)	0	£226.92
	£10,543.00	£10,769.92
Imeachtaí / Tionscadail		
Dréacht-stráitéis - Cruinnithe Eolais	£2,000.00	0
Samhain-Diwali	0	£2,000.00
	£2,000.00	£2,000.00

Iomlán	£90,796.00	£90,796.00
---------------	-------------------	-------------------

Mar eolas

Tá sé curtha in iúl ag an Oifigeach Airgeadais, Pearsanra & Riaracháin go bhfuil sé ag imeacht agus mar chuid den chás ar athlíonadh an fholúntais, tá beannacht á lorg ag Pobal chun socruithe post-roinnte a chur i bhfeidhm ó 14 Deireadh Fómhair 2013. Tá iarratas déanta an fuílleach de £266.92 a chatheamh ar chostas ábhartha oiliúna don cheapúchán úr. Chomh maith leis sin, tá iarratas ar athshainiú an mhaoinithe tionscadal (£2,000) ó ‘Dréacht-Straitéis – Cruinnithe Eolais’ go himeachtaí ‘Samhain-Diwali’ toisc nach mbeidh na cruinnithe eolais le tarlú anois roimh Nollaig.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 22/10/13.

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: **1201200**

Ainm an Eagrais: **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

Ainm an Tionscadail: **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich 2013**

Ag cruinniú boird ar an **14/12/12** ceadaíodh deontas nach mó ná **£114,765** do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich.

Leasú

I gcomhfhreagas ón eagraíocht dar dáta 28/10/13, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag iarraidh ar Fhoras na Gaeilge maoiniú £1,800 a aistriú ó Chostais Tuarastail chuig Costais Reatha.

	Údaraithe ag Cruinniú Boird 14/12/12 do 2013	Próifil Leasaithe an Deontais do 2013
Tuarastail	£	£
<i>Oifigeach Imeachtaí</i>		
<i>Oifigeach Forbartha Gnó</i>		
<i>Timire Tí</i>		
	77,865	77,865
Taisteal & Cothú	600	600
Costais Reatha		
<i>Gnáthchostais Reatha</i>	12,030	13,830
<i>Foilsíú/Poiblíocht</i>	4,000	4,000
<i>Árachas</i>	4,000	4,000
<i>Táillí Proifisiúnta</i>	200	200
<i>Cíos</i>	16,070	16,070
	36,300	36,300
Iomlán	£114,765	£114,765

Mar eolas

Is mar gheall ar imeacht fhostaí a bhí ag cludach tréimhse máithreachais go luath go bhfuil an an fuilleach le hathshainiú.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 13 Samhain 2013.

Nóta Eolais

Uimhir Thagartha: 1301042
Ainm na Scéime: Scéim na nImeachtaí Óige 2013/2014

Ag cruinniú boird ar an 26 Iúil 2013 ceadaíodh 67 deontas faoi Scéim na nImeachtaí Óige.

Leasú

Ag am an mheasúnaithe, bhí 9 n-iarratas eile caillithe faoin scéim nach dtiocfadh linn a mhaoiniú ceal airgid. Moladh go ndéanfar na 9 n-iarratas seo a mhaoiniú toisc breis airgid bheith faighte i ndiaidh athdháileadh buiséid go himmheánach.

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Méid Molta san Iomlán €	Méid Molta 2013 €	Méid Molta 2014 €	Méid Molta san Iomlán £stg	Méid Molta 2013 £stg	Méid Molta 2014 £stg
1301042.38	Gaelscoil an Chaistil	Clár Iarscoile Gaelscoile				£3,500.00	£1,700.00	£1,800.00
1301042.06	An Gaeláras	Léann Do Dheagóirí				£3,300.00	£1,430.00	£1,870.00
1301042.30	Creagán le Chéile	Cairde le Chéile				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.41	Gaelscoil na Speiríní	Club Iar-scoile				£3,500.00	£1,730.00	£1,770.00
1301042.64	Ógras	Club Óg Ógras Thrá Lí	€2,985.00	€1,181.00	€1,804.00			
1301042.65	Ógras	Club Óg-Ógras Chluain Meala	€1,750.00	€770.00	€980.00			
1301042.24	Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne	An Cumann Óige				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
1301042.74	Scoil Eoghain Baiste	Afterschool Irish Club	€4,300.00		€4,300.00			
1301042.08	Ballyholland PS	Cumann Gaelach Cholmáin				£3,400.00	£1,575.00	£1,825.00
IOMLÁN			€9,035.00	€1,951.00	€7,084.00	£20,700.00	£9,935.00	£10,765.00

Ceadú:

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach an caiteachas seo ar an 23/10/13 agus thug an Bord faomhadh dó ag an chruinniú Boird ar an 01/11/13. Ní mór na miontuairiscí den 26/07/13 a leasú le léiriú go bhfuil an maoiniú anois ceadaithe.

Aguisín 4

	Iarratasóir	2014
1001133 A	Muintir Chrónáin Teo	€ 78,421.00
1001119 A	Glór Cheatharlach	€ 55,748.00
1001120 A	Cumann Gaelach na hEaglaise	€ 51,924.00
1001135 A	Gaelfhorbairt na Gaillimhe	€ 62,250.00
1001134 A	Coiste Dúiche Mhaigh Eo, C na G	€ 66,043.00
1001122 A	Cairde Teo	£ 56,403.00
1001129 A	Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin	£ 58,008.00
1001130 A	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£ 66,242.00
1001141 A	Cairde Uí Néill	£ 50,675.00
1001123 A	Boirche Íochtar CnaG	£ 39,700.00
1001140 A	Glór na nGael, Uachtar Tíre	£ 49,359.00
1001116 A	An Clár as Gaeilge Teo	€ 69,123.00
1001118 A	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£ 70,030.00
1001145 A	Ionad Uíbh Eachach	£ 41,840.00
1001137 A	Glór na Móna	£ 51,355.00
1001143 A	Croí Éanna	£ 52,071.00
1001138 A	An Droichead Teo	£ 68,194.00
1001121 A	Craobh an Aonaigh, C na G	€ 58,173.00
1001126 A	Gaeilge Locha Riach	€ 76,754.00